



An Bhruiséil, 27 Feabhra 2015
(OR. en)

6643/15

**Comhad Idirinstitiúideach:
2013/0256 (COD)**

**EUROJUST 59
EPPO 20
CATS 37
COPEN 67
CODEC 266
CSC 49**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roime seo:	6298/15 EUROJUST 47 EPPO 17 CATS 32 COPEN 53 CODEC 204 CSC 40 16139/14 EUROJUST 212 EPPO 73 CATS 196 COPEN 306 CODEC 2374
Uimh. an doic. ón gCoim.:	12566/13 EUROJUST 59 EPPO 4 CATS 36 COPEN 109 CODEC 2163
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar sa Cheartas Coiriúil (Eurojust) [An chéad léamh] - - Cur chuige ginearálta páirteach

I. RÉAMHRÁ

1. An 17 Iúil 2013, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar sa Cheartas Coiriúil.
2. Níor thug an Ríocht Aontaithe ná Éire aon fhógra gur mian leo a bheith rannpháirteach, i nglacadh ná i gcur i bhfeidhm an Rialacháin a moladh, de réir mar a bhforáiltear dó sin faoi Airteagal 3 den Phrótacal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus seasamh na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála ceartais, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

3. I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin a moladh agus ní bheidh sé ina cheangal uirthi ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm.
4. Is é is aidhm don Togra ón gCoimisiún cur le héifeachtúlacht Eurojust trí mhúnla nua rialachais a bhunú. Díritear leis freisin ar éifeachtacht oibríocht Eurojust a fheabhsú trí shainmhínte atá ar aon dul lena chéile a thabhairt ar chumhachtaí agus stádas na gComhaltaí Náisiúnta.
5. Tá an Rialachán atá á mholadh faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh. Tá a seasamh maidir leis an togra le cur in iúl fós ag Parlaimint na hEorpa.
6. D'eisigh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tuairim maidir leis an Togra ón gCoimisiún an 5 Márta 2014.

II. STAID NA hOIBRE

7. Chuir an Mheitheal um Chomhar in Ábhair Choiriúla (COPEN) tús leis an teacs a scrúdú le malartú ginearálta tuairimí maidir le gach Caibidil ag an gcrúinniú a bhí aici an 19 Mean Fómhair 2013 faoi Uachtaránacht na Liotuáine. Scrúdaigh COPEN na Caibidlí éagsúla den dréacht-Rialachán ansin den chéad uair de réir an airteagail faoi Uachtaránachtaí na Liotuáine agus na Gréige.
8. Le linn Uachtaránacht na Gréige, thacaigh na hAirí le múnla malartach rialachais a ceapadh ionas go mbeidh an Coláiste in ann díriú go príomha ar chúrsaí oibríochtúla trí ullmhúchán na gcúrsaí neamhoibríochtúla a shannadh do Bhord Feidhmiúcháin nua.

9. Lean Uachtaránacht na hIodáile den idirbheartaíocht a chur chun cinn agus d'ullmhaigh sí roinnt tograí comhréitigh agus iad bunaithe ar an méid a scríobh na toscaireachtaí maidir leis an ábhar, ar an méid a tháinig as cruinnithe a bhí ag COPEN agus ar chomhairliúchán le geallsealbhóirí éagsúla lena n-áirítear Eurojust. Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin, thángthas ar chomhaontú faoi chur chuige ginearálta páirteach maidir le Caibidil I-III agus Caibidil V-IX cé is moite de na forálacha maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), maidir le Cosaint Sonraí agus cé is moite de na forálacha sin ina bpléitear le rialacha rúndachta agus slándála ar fhaisnéis íogair rúnaicmithe agus neamh-rúnaicmithe ag an gComhairle an 4 Nollaig 2014.
10. Ghlac CATS an cinneadh gan na forálacha a bhaineann le EPPO a chur san áireamh toisc nach bhfuil go leor déanta ar an togra le haghaidh EPPO a bhunú chun go gcinnefear nádúr beacht an caidreamh a bheidh ann amach anseo le Eurojust.
11. Thionól Uachtaránacht na Laitvia 3 chruinniú de chuid COPEN ó mhí Eanáir inar díródh ar Chaibidil IV maidir le Cosaint Sonraí agus ar na forálacha a bhaineann le rialacha rúndachta agus slándála maidir le faisnéis íogair rúnaicmithe agus neamh-rúnaicmithe (Airteagal 59 agus Airteagal 62 faoi seach). Chuir an Uachtaránacht téacs athbhreithnithe síos maidir leis na nAithrisí freisin agus rinne sí plé air, ar téacs é lena ndéantar athruithe eile ar an téacs a chur san áireamh. Mar thoradh ar a cuid iarrachtaí, is féidir leis an Uachtaránacht téacs iomlán an togra a chur i láthair anois, cé is moite de na forálacha a bhaineann le EPPO, mar chur chuige ginearálta.
12. Ag an gcruinniú a bhí ag COREPER an 25 Feabhra 2015, thacaigh formhór mór na dtoscaireachtaí leis an téacs atá i gceangal san Iarscríbhinn agus le haidhm na hUachtaránachta teacht ar chur chuige ginearálta ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle an 12-13 Márta.
13. Beidh an cur chuige ginearálta sin mar bhonn don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Tá sé beartaithe go n-iarrfar ar Coreper, níos faide anonn sa phlé a dhéanfar leis an bParlaimint, nuair a bheidh dul chun cinn leordhóthanach déanta maidir le Rialachán EPPO, sainordú a thabhairt chun tuilleadh plé a dhéanamh maidir leis na forálacha a bhaineann le EPPO.
14. Cuirtear in iúl le **téacs trom i gcló iodálach** agus [...] na hathruithe i dtéacs an dréacht-Rialacháin le hais an Togra ón gCoimisiún. Is le (...) a léirítear téacs agus forálacha a baineadh Is le [...] a léirítear téacs maidir le EPPO, ag feitheamh ar an sainordú le haghaidh tuilleadh plé a dhéanamh agus fonóta comhfhreagrach ag gabháil leis.

15. Coimeádann an Coimisiún a fhorchoimeádais maidir leis na forálacha seo a leanas; Airteagail 3(1)(a), 3(4), 5, 7(7), 10(1), 11a, 11(5), 17, 18(2), 18(4)(b), 21(5), 34(b)(3), 35, 52(3), 58(2) agus 67 agus Aithrisí (3a), (6) agus (15). Tá forchoimeádas aige freisin maidir le Caibidil IV.

III. CONCLÚID

16. Iarrtar ar an gComhairle teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs atá leagtha amach san Iarscríbhinn, a bheidh mar bhonn ansin don idirbheartaíocht a dhéanfar le Parlaimint na hEorpa i gcomhthéacs ghnáthnós imeachta reachtach Airteagal 294 CFAE, ag tabhairt dá haire di go lorgófar sainordú ó COREPER le haghaidh tuilleadh plé a dhéanamh maidir leis na forálacha a bhaineann le EPPO nuair a bheidh go leor dul chun cinn déanta maidir leis an dréacht-Rialachán i leith EPPO.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe d'Airteagal 85 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

[...]

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Bunaíodh Eurojust le Cinneadh 2002/187/CGB¹ ón gComhairle mar chomhlacht de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil pearsantacht dhlíthiúil aige chun comhordú agus comhar idir údaráis inniúla bhreithiúnacha na mBallstát a spreagadh agus a fheabhsú, go háirithe maidir le coireacht eagraithe thromchúiseach. Le Cinneadh 2003/659/CGB² ón gComhairle agus Cinneadh 2009/426/CGB³ ón gComhairle maidir le Eurojust a neartú leasaíodh creat dlíthiúil Eurojust.

¹ IO L 63, 6.3.2002, lch. 1.

² IO L 245, 29.9.2003, lch. 44.

³ IO L 138, 4.6.2009, lch. 14.

- (2) Déantar foráil in Airteagal 85 den Chonradh go ndéanfar Eurojust a rialáil le rialachán, arna ghlacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach. Ceanglaítear ann freisin socruithe a chinneadh maidir le baint a bheith ag Parlaimint na hEorpa agus ag na parlaimintí náisiúnta leis an meastóireacht ar ghníomhaíochtaí Eurojust.
- (3) Déantar foráil in Airteagal 85 den Chonradh freisin go mbeidh sé de chúram ar Eurojust tacú agus treisiú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh i ndáil le coireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó nó a éilíonn ionchúiseamh ar bhoinn chomhchoiteanna, ar bhonn na n-oibríochtaí arna seoladh agus ar bhonn na faisnéise arna tabhairt ag údaráis na mBallstát agus ag Europol.
- (3a) Is éard is aidhm don Rialachán seo forálacha Chinneadh 2002/187/CGB agus Chinneadh 2009/426/CGB a leasú agus a leathnú. Ós rud é go bhfuil líon substainteach leasuithe le déanamh agus gur de chineál substainteach iad, ba cheart an Cinneadh sin, ar mhaithe le soiléireacht, a ionadú ina iomláine i ndáil leis na Ballstáit a bheidh faoi cheangal an Rialacháin seo.**
- [(4) Ós rud é gur cheart Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bhunú ó Eurojust, tá na forálacha is gá sa Rialachán seo chun an caidreamh idir Eurojust agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a rialáil.
- (5) Cé gur cheart inniúlacht eisiach a bheith ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh chun coireanna a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a imscrúdú agus a ionchúiseamh, ba cheart Eurojust a bheith in ann tacú leis na húdaráis náisiúnta agus iad ag imscrúdú agus ag ionchúiseamh na bhfoirmeacha coireachta sin i gcomhréir leis an Rialachán lena mbunaítear Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.]]⁴

⁴ Baineann Aithris 4 agus Aithris 5 le EPPO agus is taobh amuigh den chur chuige ginearálta atá siad.

- (6) Ionas gur féidir le Eurojust a chúram a chomhlíonadh agus a acmhainn ar fad a fhorbairt sa chomhrac i gcoinne coireachta tromchúisí trasteorann, ba cheart a fheidhmeanna oibríochta a threisiú trí ualach oibre riaracháin na gcomhaltaí náisiúnta a laghdú, agus a ghné Eorpach a fheabhsú tríd an gCoimisiún a bheith rannpháirteach sa [...] **Bhord Feidhmiúcháin** agus tríd an mbaint mhéadaithe atá ag Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta leis an meastóireacht ar a ghníomhaíochtaí.
- (7) Dá bhrí sin[...] [...], **ba cheart**, leis an Rialachán seo, socruithe a chinneadh [...] do rannpháirtíocht na parlaiminte, struchtúr Eurojust a nuachóiriú agus an creat dlíthiúil atá aige faoi láthair a shimpliú a chur ina ionad, agus na heilimintí sin a bhfuil a n-éifeachtúlacht maidir le hoibríocht Eurojust cruthaithe a choinneáil san am céanna.
- (8) [...].
- (9) Ba cheart na foirmeacha de choireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó ar a bhfuil Eurojust inniúil a leagan síos. Ina theannta sin, ba cheart cásanna nach mbaineann le dhá Bhallstát nó níos mó, ach a éilíonn ionchúiseamh ar bhoinn chomhchoiteanna, a shainiú.[...]
- (9a) **Tagraíonn ionchúiseamh ar bhonn comhchoiteann do chásanna ionchúiseamh agus imscrúduithe nach ndéanadh difear ach do Bhallstát amháin agus do thríú tír ina bhfuil comhaontú tugtha i gcrích nó i gcás ina mbeadh gá sonrach le rannpháirtíocht ó Eurojust. Féadfaidh sé tagairt a dhéanamh freisin do chásanna nach ndéanfar difear leo ach do Bhallstát amháin agus don Aontas.**

- (10) Agus é ag feidhmiú a fheidhmeanna oibríochta i ndáil le cásanna coireachta nithiúla, arna iarraidh sin d'údaráis inniúla na mBallstát nó ar a thionscnamh féin, ba cheart do Eurojust gníomhú trí chomhalta náisiúnta amháin nó níos mó nó mar Cholaiste. **Trí ghníomhú ar a thionscnamh féin, féadfaidh Eurojust ról níos gníomhaí a ghlacadh i gcomhordú cásanna amhail tacú leis na húdaráis náisiúnta ina n-íniúchtaí agus ina n-ionchúisimh. Féadfar a chur san áireamh ansin Ballstáit nár cuireadh san áireamh sa chás i gcéaduaire agus naisc a aimsiú idir cásanna bunaithe ar fhaisnéis a fhaigheann sé ó Europol, ó OFCE, [ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh]⁵ agus ó údaráis náisiúnta. Ceadaítear do Eurojust freisin treoirlinnte, doiciméid bheartais agus anailísí a bhaineann leis an obair ar chásanna a chur ar fáil mar chuid dá obair straitéiseach. Nuair a ghníomhóidh sé ar a thionscnamh féin, ba cheart dó é sin a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo.**
- (10a) Arna iarraidh sin d'údarás inniúil Ballstáit nó don Choimisiún, féadfaidh Eurojust cúnamh a thabhairt i ndáil le himscrúduithe nach mbaineann ach leis an mBallstát sin amháin ach a mbaineann frithiarmhairtí ar leibhéal an Aontais leo. Áirítear ar na samplaí de chásanna lena mbaineann frithiarmhairtí ar leibhéal an Aontais cásanna ina mbeadh baint ag institiúid nó comhlacht AE. Cumhdaítear leis freisin cásanna a bhfuil baint acu le líon suntasach Ballstát agus arbh fhéidir go mbeadh gá le freagairt chomhordaithe Eorpach ina leith.
- (11) Chun a áirithiú go bhféadfaidh Eurojust tacú le himscrúduithe trasteorann agus iad a chomhordú mar is iomchuí, ní mór na cumhachtaí oibríochta céanna a bheith ag na comhaltaí náisiúnta ar fad **maidir lena mBallstát tionscnaimh** ionas gur féidir leo comhoibriú eatarthu féin agus leis na húdaráis náisiúnta ar bhealach níos éifeachtaí. Ba cheart na cumhachtaí sin lenar féidir le Eurojust a mhisean a thabhairt i gcrích go hiomchuí a thabhairt do na comhaltaí náisiúnta. Ba cheart go n-áireofaí ar na cumhachtaí sin rochtain a bheith ar fhaisnéis ábhartha i gcláir phoiblí náisiúnta [...] [...], **agus** faisnéis a chur in iúl go díreach d'údaráis inniúla agus a mhalartú leo. [...] [...] **Féadfaidh na Comhaltaí Náisiúnta, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, na cumhachtaí a thagann as a gcumas mar údaráis náisiúnta a choimeád.**

⁵ Is i lúibíní cearnacha a dhéantar tagairt do EPPO toisc nach dtagann sé faoi raon feidhme an chur chuige ghinearálta.

- (11a) **I bprionsabal, ba cheart don údarás náisiúnta inniúil bearta imscrúdaithe agus seachadtaí rialaithe a ordú, iarrataí ar chúnamh frithpháirteach agus ar aitheantas a eisiúint agus a chomhlíonadh agus páirt a ghlacadh i bhfoirne comhpháirteacha imscrúdaithe. Mar sin féin, féadfaidh na comhaltaí náisiúnta na cumhachtaí sin a fheidhmiú freisin i gcomhaontú leis an údarás náisiúnta inniúil nó i gcás práinne. Ós rud é go bhfeidhmítear na cumhachtaí sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ba cheart go mbeadh cúirteanna na mBallstát inniúil chun na bearta sin a athbhreithniú, i gcomhréir leis na ceanglais agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa dlí náisiúnta.**
- (12) Is gá struchtúr riaracháin agus bainistíocht a thabhairt do Eurojust inar féidir leis a chuid cúraimí a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla agus lena n-urramaítear na prionsabail is infheidhme maidir le gníomhaireachtaí an Aontais agus lena gcoinnítear saintréithe speisialta Eurojust agus a gcosnaítear a neamhspleáchas i ndáil lena fheidhmeanna oibríochta a fheidhmiú. Chuige sin, ba cheart feidhmeanna na gcomhaltaí náisiúnta, an Cholaíste agus an Stiúrthóra Riaracháin a shoiléiriú agus Bord Feidhmiúcháin a bhunú.
- (13) Ba cheart forálacha a leagan síos chun idirdhealú soiléir a dhéanamh idir feidhmeanna oibríochta agus bainistíochta an Cholaíste, lena n-íoslaghdófaí an t-ualach riaracháin ar chomhaltaí náisiúnta sa chaoi go gcuirfí an bhéim ar obair oibríochta Eurojust. Ba cheart cláir oibre, buiséad, tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil Eurojust, agus a shocruithe oibre le comhpháirtithe a áireamh i gcúraimí bainistíochta an Cholaíste go háirithe. Ba cheart dó cumhacht údarais ceapacháin a fheidhmiú maidir leis [...] an Stiúrthóir Riaracháin. **Ba cheart don Cholaíste Rialacha Nós Imeachta Eurojust a ghlacadh freisin. Ós rud é go bhféadfadh tionchar a bheith ag na rialacha sin ar ghníomhaíochtaí breithiúnacha na mBallstát, tá sé thar a bheith tábhachtach go dtabharfar cumhachtaí cur chun feidhme don Chomhairle chun na rialacha sin a fhorghnó.**
- (14) Chun rialachas agus nósanna imeachta cuíchóirithe Eurojust a fheabhsú, ba cheart Bord Feidhmiúcháin a bhunú chun cúnamh a thabhairt don Cholaíste i dtaca lena fheidhmeanna bainistíochta agus sa chaoi gur féidir cinnteoireacht chuíchóirithe maidir le ceisteanna neamhoibríochta agus straitéiseacha a bheith ann.
- (15) Ba cheart ionadaíocht a bheith ag an gCoimisiún [...] ar an mBord Feidhmiúcháin, chun a áirithiú go ndéanfar Eurojust a mhaoirsiú go neamhoibríochtúil agus a threorú go straitéiseach.

- (16) Chun riar éifeachtúil Eurojust ó lá go lá a áirithiú, ba cheart an Stiúrthóir Riaracháin a bheith ina ionadaí dlíthiúil agus ina bhainisteoir aige, atá freagrach don Choláiste [...] Ba cheart don Stiúrthóir Riaracháin cinntí an Choláiste agus an Bhoird Feidhmiúcháin a ullmhú agus a chur chun feidhme.
- (16a) Ba cheart don Choláiste Uachtarán agus beirt Leas-Uachtarán a thoghadh as measc na gcomhaltaí náisiúnta ar feadh téarma oifige ceithre bliana. Nuair a thoghfar comhalta náisiúnta do cheann amháin de na poist sin, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann duine eile cuícháilithe a thabhairt ar iasacht don deasc náisiúnta agus cúiteamh a iarraidh ó bhuiséad Eurojust.**
- (16b) Is éard is duine cuícháilithe ann duine a bhfuil na cáilíochtaí agus an taithí riachtanach aige/aici chun na cúraimí a dhéanamh atá riachtanach chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an deasc náisiúnta go héifeachtach. I ndáil leis sin, féadfaidh siad stádas ionadaí nó Cúntóra a bheith acu mar a leagtar síos in Airteagal 7 é nó féadfaidh siad feidhm bhreise riaracháin nó theicniúil a bheith acu. Féadfaidh gach Ballstát a cheanglais féin a chinneadh i dtaca leis sin.**
- (16c) Ós rud é go bhfuil tionchar buiséadach ar chinneadh shamhail an chúitimh, ba cheart go dtabharfaí, leis an Rialachán seo, cumhachtaí cur chun feidhme don Chomhairle chun an tsamhail sin a chinneadh.**
- (17) Is gá Comhordú ar Ghlaodhualgas a bhunú laistigh de Eurojust ionas go mbeidh Eurojust ar fáil de ló is d'oíche agus go mbeidh sé in ann idiragairt i gcásanna práinne. Ba cheart an fhreagracht a bheith ar gach Ballstát a áirithiú go bhfuil a ionadaithe sa Chomhordú ar Ghlaodhualgas in ann gníomhú ar bhonn 24 uair an chloig seacht lá na seachtaine.

- (18) Ba cheart córais Eurojust do chomhordú náisiúnta a bhunú sna Ballstáit chun an obair a dhéanann na comhfhreagraithe náisiúnta do Eurojust, comhfhreagraí náisiúnta Eurojust le haghaidh cúrsaí sceimhlitheoireachta, comhfhreagraí náisiúnta an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh agus suas le trí phointe teagmhála eile a chomhordú, chomh maith le hionadaithe sa Líonra um Chomhfhoirne Imscrúdaithe agus na líonraí a bunaíodh le Cinneadh 2002/494/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 lena mbunaítear líonra Eorpach pointí teagmhála i ndáil le daoine atá ciontach as cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh⁶, Cinneadh 2007/845/CGB ón gComhairle an 6 Nollaig 2007 maidir le comhar idir Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní na mBallstát sa réimse a bhaineann le fáлтаis ó choireacht, nó maoin eile a bhaineann le coireacht, a lorg agus a shainaithint⁷, [...] Cinneadh 2008/852/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir le líonra pointí teagmhála in aghaidh an éillithe⁸ **agus, i gcás inarb infheidhme, aon údarás breithiúnach ábhartha eile.**
- (19) Chun comhordú agus comhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdaithe agus ionchúisimh a spreagadh agus a threisiú tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh Eurojust an fhaisnéis ábhartha is gá ó na húdaráis náisiúnta chun a chuid cúraimí a dhéanamh. Chuige sin, ba cheart do na húdaráis náisiúnta inniúla a gcomhaltaí náisiúnta a chur ar an eolas maidir le bunú agus torthaí na gcomhfhoirne imscrúdaithe, cásanna atá faoi inniúlacht Eurojust lena mbaineann go díreach trí Bhallstát ar a laghad agus ar cuireadh iarrataí nó cinntí maidir le comhar breithiúnach chuig dhá Bhallstát ar a laghad ina leith, agus chomh maith leis sin, i gcásanna áirithe, faisnéis faoi easaontais i ndáil le dlínse, seachadtaí rialaithe agus deacrachtaí leanúnacha le comhar breithiúnach.
- (20) **Cé go dtagann próiseáil sonraí pearsanta riaracháin ag Eurojust faoi raon feidhme Rialachán (CE) 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus saorghluaiseacht na sonraí sin⁹, tá próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis na mBallstát agus aistriú na sonraí sin chuig Eurojust faoi chumhdach Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 108 [an Treoir ábhartha atá i bhfeidhm tráth an ghlactha le cur ina ionad].**

⁶ IO L 167, 26.6.2002, lch. 1.

⁷ IO L 332, 18.12.2007, lch. 103.

⁸ IO L 301, 12.11.2008, lch. 38.

⁹ IO L 8, 12.1.2001, lch. 1

- (20a) Ba cheart rialacha ar chosaint sonraí ag Eurojust a neartú agus ba cheart go dtarraingeoidís ar na prionsabail a thacaíonn le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001¹⁰ chun leibhéal ard cosanta a áirithiú do dhaoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta. Toisc go n-aithnítear le Dearbhú 21 a ghabhann leis an gConradh sainiúlacht na próiseála ar shonraí pearsanta i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, ba cheart rialacha Europol ar chosaint sonraí a bheith sonrach agus a bheith ailínithe le hionstraimí ábhartha eile um chosaint sonraí a bhfuil feidhm acu i réimse an chomhair bhreithiúnaigh san Aontas, go háirithe an Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le cosaint daoine maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorchur, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin¹¹.
- (20b) Ba cheart do Eurojust taifid a choimeád faoi bhailiú, athrú, rochtain, nochtadh, meascadh, tarchur nó scriosadh sonraí pearsanta chun dlíthiúlacht na próiseála sonraí a fhíorú, chun críocha féinfhaireacháin agus chun sláine agus slándáil cheart sonraí a áirithiú. Ba cheart go mbeadh sé mar oibleagáid ar Eurojust comhoibriú leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na logaí nó na doiciméid a chur ar fáil arna iarraidh sin, ionas gur féidir iad a úsáid chun faireachán a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála.
- (20c) Ba cheart do Eurojust oifigeach cosanta sonraí a ainmniú lena áirithiú go ndéanfar maoirseacht inmheánach ar chosaint sonraí chun cabhrú leis faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh fhorálacha an Rialacháin seo. Ba cheart go mbeadh an t-oifigeach cosanta sonraí i riocht a chuid nó a dhualgais agus a chúraimí a chomhlíonadh go neamhspleách agus go héifeachtach.

¹⁰ IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

¹¹ Déantar talamh slán de go nglacfar an dréacht-Treoir (ar cuid den phacáiste um chosaint sonraí í, 5833/12) sula nglacfar Rialachán Eurojust. Mura ndéanfar é sin, cuirfear isteach tagairt níos ginearálta do reachtaíocht an Aontais, ag céim níos déanaí.

- (20d) Ba cheart d'údaráis náisiúnta maoirseachta a bheith freagrach as maoirseacht ar phróiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla, go háirithe dlíthiúlacht mhalartú na sonraí pearsanta oibríochtúla idir na Ballstáit agus Eurojust. Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí a dhéanann Eurojust, agus go bhfeidhmeodh sé a chuid feidhmeanna go hiomlán neamhspleách.
- (20e) Dualgais agus cumhachtaí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint sonraí amhail an chumhacht Eurojust a ordú sonraí pearsanta oibríochtúla a cheartú, a chosc, a scriosadh nó a mhilleadh, ar sonraí iad a próiseáladh de shárú ar na forálacha cosanta sonraí atá sa Rialachán seo, níor cheart sonraí pearsanta, atá sna comhaid náisiúnta cásanna, a chuimsiú sna dualgais ná sna cumhachtaí sin.
- (20f) Tá sé tábhachtach maoirseacht níos láidre agus éifeachtach ar Eurojust a áirithiú agus go mbeidh saineolas cosanta sonraí iomchuí maidir le comhar breithiúnach ar fáil don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nuair a ghlacfaidh sé an fhreagracht maidir le maoirseacht ar chosaint sonraí Eurojust. Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus do na húdaráis náisiúnta maoirseachta comhoibriú go dlúth lena chéile maidir le saincheisteanna sonracha a mbeidh rannpháirtíocht náisiúnta ag teastáil lena n-aghaidh agus chun cur i bhfeidhm comhtháite an Rialacháin seo ar fud an Aontais Eorpaigh a áirithiú. Chun a áirithiú go gcoinneofar an saineolas sin, ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí obair i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta maoirseachta chun a dhualgais a chur i gcrích, ar bhonn an Rialacháin seo d'fhonn leas a bhaint as saineolas agus as taithí na n-údarás sin, agus ag an am céanna na hacmhainní atá ar fáil a uasmhéadú agus saineolas ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a chomhthiomsú.
- (20g) Chun comhar idir an Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na húdaráis náisiúnta maoirseachta a éascú, ba cheart dóibh teacht le chéile go rialta laistigh den Bhord Comhair ar cheart dó tuairimí, treoirlínte, moltaí agus dea-chleachtas a thabhairt maidir le saincheisteanna éagsúla a bhfuil rannpháirtíocht náisiúnta ag teastáil lena n-aghaidh.
- (20h) Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí éisteacht a thabhairt do ghearáin a thaiscfidh daoine is ábhar do na sonraí agus ba cheart dó na gearáin sin a imscrúdú. Ba cheart don údarás maoirseachta an duine is ábhar do na sonraí a chur ar a eolas laistigh de thréimhse réasúnta faoi dhul chun cinn i ndáil leis an ngearán chomh maith le toradh an ghearáin.
- (20i) Ba cheart go mbeadh sé ag aon duine aonair an ceart chun leighis bhreithiúnaigh i gcoinne chinntí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí a bhaineann leis.

- (21) Nuair a aistríonn Eurojust sonraí pearsanta **oibríochtúla** chuig údarás tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta [...] de bhua comhaontú idirnáisiúnta a thugtar i gcrích de bhun Airteagal 218 den Chonradh, ba cheart dó a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha cosanta sonraí an Rialacháin seo i gcomhréir leis na coimircí leordhóthanacha maidir le cearta príobháideachais agus bunúsacha agus saoirse daoine aonair a chosaint.
- (22) Ba cheart údarás a thabhairt do Eurojust sonraí pearsanta **oibríochtúla** áirithe a phróiseáil maidir le daoine a bhfuil amhras ann fúthu, faoi [...] **dhlí** náisiúnta na mBallstát lena mbaineann, go ndearna siad cion coiriúil ar a bhfuil Eurojust inniúil, gur ghlac siad páirt ann, nó maidir le daoine a ciontaíodh as an gcion sin. [...]
- (23) **I gcásanna eisceachtúla**, ba cheart go mbeadh Eurojust [...] **in ann** síneadh a chur leis na sprioc-amanna atá le sonraí pearsanta **oibríochtúla** a stóráil, faoi réir chomhlíonadh phrionsabal an teorannaithe de réir cuspóra is infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs gníomhaíochtaí uile Eurojust, chun a chuspóirí a bhaint amach. Ba cheart cinntí mar sin a dhéanamh tar éis na leasanna ar fad atá i gceist a mheas, lena n-áirítear leasanna na ndaoine lena mbaineann. Níor cheart cinneadh a dhéanamh maidir le haon síneadh a chur leis na sprioc-amanna atá le sonraí pearsanta a phróiseáil, i gcás ina bhfuil an t-ionchúiseamh faoi urchosc reachta sna Ballstáit ar fad lena mbaineann, ach amháin i gcás ina bhfuil gá sonrach faoin Rialachán seo le cúnamh a thabhairt.
- (24) Ba cheart do Eurojust caidreamh pribhléideach a choinneáil leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach bunaithe ar chomhairliúchán agus comhlántacht. Ba cheart an Rialachán seo a bheith ina chúnamh ag ról Eurojust agus an Ghréasán Bhreithiúnaigh Eorpaigh faoi seach agus a gcaidreamh frithpháirteach a shoiléiriú, agus sainiúlacht an Ghréasán Bhreithiúnaigh Eorpaigh a choinneáil san am céanna.
- (25) Ba cheart do Eurojust caidreamh comhair a choinneáil ar bun le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile an Aontais, [le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh]¹², le húdaráis inniúla tríú tíortha chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta, a mhéad is gá chun a chuid cúraimí a chur i gcrích.

¹² Is i lúibíní cearnacha a dhéantar tagairt d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh toisc nach dtagann sé faoi raon feidhme an chur chuige ghinearálta.

- (26) Chun comhar oibríochta idir Eurojust agus Europol a fheabhsú, agus go háirithe chun naisc a bhunú idir sonraí atá i seilbh ceachtar den dá chomhlacht cheana féin, ba cheart do Eurojust a chur ar chumas Europol rochtain a bheith aige **ar bhonn córais braite/neamhbhraite** [...] ar shonraí atá ar fáil ag Eurojust.
- (26a) **Ba cheart do Eurojust agus do Europol a áirithiú go gcuirfear na socruithe riachtanacha ar bun chun a gcomhoibriú oibríochtúil a bharrfheabhsú, agus aird chuí á tabhairt ar a misin agus a sainorduithe agus ar leasanna na mBallstát. Ba cheart, go háirithe, do Europol agus do Eurojust a chéile a choinneáil ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht a bhaineann le maoiniú Foirne Comhpháirteacha Imscrúdaithe.**
- (27) Ba cheart go mbeadh Eurojust in ann sonraí pearsanta **oibríochtúla** a mhalartú le comhlachtaí eile an Aontais a mhéad is gá chun a chuid cúraimí a chomhlíonadh.
- (28) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le Eurojust chun giúistísí idirchaidrimh a phostú chuig tríú tíortha chun cuspóirí a bhaint amach atá ar aon dul leis na cuspóirí sin a shainítear do ghiúistísí idirchaidrimh ar iasacht ó na Ballstáit ar bhonn Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 96/277/CGB ón gComhairle an 22 Aibreán 1996 maidir le creat i ndáil le giúistísí idirchaidrimh a mhalartú chun comhar breithiúnach a fheabhsú idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh¹³.
- (29) Ba cheart foráil a dhéanamh go ndéanfaidh Eurojust comhordú, **le comhaontú ó na Ballstáit lena mbaineann**, ar fheidhmiú iarrataí ar chomhar dlíthiúil arna n-eisiúint ag tríú tír [...] agus **i gcás inar gá go ndéanfar na hiarrataí sin** a fheidhmiú in dhá Bhallstát ar a laghad **mar chuid den aon imscrúdú amháin**.
- (30) Chun uathriail agus neamhspleáchas iomlán Eurojust a áirithiú, ba cheart buiséad uathrialach a thabhairt dó, agus an t-ioncam a theacht go bunúsach ó ranníocaíocht ó bhuiséad an Aontais, seachas i gcás tuarastal agus luacha saothair na gcomhaltaí náisiúnta agus cúnaimh do dhaoine, costais atá ar na Ballstáit tionscnaimh. Ba cheart nós imeachta buiséadach an Aontais a bheith infheidhmithe fad is atá ranníocaíocht an Aontais agus fhóirdheontais eile is inmhuirir i leith bhuiséad ginearálta an Aontais i gceist. Ba cheart don Chúirt Iniúcháirí an t-iniúchadh ar na cuntais a dhéanamh.

¹³ IO L 105, 27.04.1996, lch. 1.

- (31) Chun trédhearcacht agus maoirseacht dhaonlathach Eurojust a mhéadú is gá sásraí a chur ar fáil maidir le Parlaimint na hEorpa agus na parlaimintí náisiúnta páirt a ghlacadh sa mheastóireacht ar ghníomhaíochtaí Eurojust. Níor cheart dó sin bac a chur ar phrionsabail an neamhspleáchais i ndáil le gníomhaíocht a dhéantar i gcásanna sonracha oibríochta nó ar chuspóirí na discréide agus na rúndachta.
- (32) Tá sé oiriúnach meastóireacht rialta a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (32a) Ba cheart go mbeadh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Parlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ar dhoiciméid a bhaineann le cúraimí riaracháin Eurojust. Ba cheart doiciméid a bhaineann le cúraimí oibríochtúla a eisiamh toisc go bhfuil riosca bunúsach ann go mbainfidh nochtadh na ndoiciméad an bonn ó fhiosrúcháin leanúnacha agus ó imeachtaí cúirte ag údaráis bhreithiúnacha na mBallstát.¹⁴**
- (32aa) Níl sé i gceist le ní ar bith atá sa Rialachán seo srian a chur ar an gceart chun rochtain phoiblí a fháil ar dhoiciméid sa mhéid go ráthaítear san Aontas agus sna Ballstáit é, go háirithe faoi Airteagal 42 den Chairt agus i bhforálacha ábhartha eile.**
- (33) Ba cheart feidhm maidir le Eurojust a bheith ag Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 966/2012 i ndáil leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002¹⁵ ón gComhairle.
- (34) Ba cheart feidhm maidir le Eurojust a bheith ag Rialachán (CE) Uimh. **883/2013** [...] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [...] maidir le himscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)¹⁶.

¹⁴ Forchoimeádas ag SE agus FI.

¹⁵ IO L 298, 26.10.2012, lch. 1.

¹⁶ IO L 248, 18.9.2013, lch. 1

- (35) Ba cheart na forálacha is gá agus na rialacha sonracha is infheidhme maidir le baill foirne uile Europol agus baill dá dteaghlach a leagan síos i gcomhaontú ceanncheathrún maidir le cóiríocht do Eurojust sa Bhallstát ina bhfuil a cheanncheathrú aige, is é sin an Ísiltír. [...]
- (36) Ós rud é go dtagann Eurojust, mar a bhunaítear leis an Rialachán seo é, in ionad Eurojust agus i gcomharbacht air mar a bunaíodh ar bhonn Chinneadh 2002/187/CGB é, ba cheart é a bheith ina chomharba dlíthiúil ar Eurojust i ndáil lena oibleagáidí conarthacha, lena n-áirítear conarthaí fostaíochta, dliteanais agus maoin arna fáil. Ba cheart comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag Eurojust mar a bunaíodh ar bhonn an Chinnidh sin a bheith fós i bhfeidhm.
- (37) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon eintiteas a bhunú a bheidh freagrach as tacú agus treisiú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir údaráis bhreithiúnacha na mBallstát i ndáil le coireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó nó a éilíonn ionchúiseamh ar bhoinn chomhchoiteanna, a bhaint amach go leordhóthanach agus, dá bhrí sin, gur féidir é a bhaint amach ar bhealach níos fearr, de bharr scála agus éifeachtaí na gníomhaíochta, ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (38) **I gcomhréir le hAirteagal 1, le hAirteagal 12 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótocal** (Uimh. 21) maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, **agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótocal sin**, níl **Éire ná** an Ríocht Aontaithe [...] chun páirt a ghlacadh i nglacadh an Rialacháin seo agus [...] ní bheidh sí [...] faoina cheangal nó faoi réir a chur i bhfeidhm [...]

- (39) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (39a) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus thug sé tuairim uaidh an 5 Márta 2014.**
- (39b) Urramaíonn an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.**

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I CUSPÓIRÍ AGUS CÚRAIMÍ

Airteagal 1

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil

1. Bunaítear leis seo Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust).
2. **Gabhfaidh** Eurojust, mar a bhunaítear leis an Rialachán seo é, **ionad** Eurojust mar a bunaíodh é le Cinneadh 2002/187/CGB agus **tiocfaidh sé i gcomharbacht air**[...].
3. I ngach ceann de na Ballstáit, beidh an **phearsantacht dhlíthiúil** [...] a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoi dhlíthe na mBallstát sin ag Eurojust. [...]

Airteagal 1a

Sainmhínithe¹⁷,

Chun críche an Rialacháin seo:

- (a) **ciallaíonn ' eagraíochtaí idirnáisiúnta ' eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a gcuid fochomhlachtaí arna rialú ag an dlí idirnáisiúnta poiblí nó ag comhlachtaí eile a bhunaítear le comhaontú idir dhá thír nó níos mó nó ar bhonn an chomhaontaithe sin, agus Interpol chomh maith.**

¹⁷ D'fhéadfaí na sainmhínithe a athbhreithniú amach anseo, agus an chaibidlíocht leanúnach atá ar bun maidir leis an "pacáiste um chosaint sonraí" á cur san áireamh.

- (b) ciallaíonn 'sonraí pearsanta' aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta dá dtagraítear amach anseo mar "an duine is ábhar do na sonraí"; is éard is duine sainaitheanta duine ar féidir é a aithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt d'uimhir aitheantais nó d'fhachtóir amháin nó níos mó atá sonrach dá aitheantas fisiceach, fiseolaíoch, eacnamaíoch, cultúrtha nó sóisialta;
- (c) ciallaíonn 'sonraí pearsanta oibríochtúla' na sonraí pearsanta go léir a phróiseálann Eurojust chun na cúraimí a leagtar síos in Airteagal 2 a chomhlíonadh;
- (d) ciallaíonn 'sonraí pearsanta riaracháin' na sonraí pearsanta go léir á bpróiseáil ag Eurojust seachas iad siúd a phróiseáiltear chun na cúraimí a dhéanamh a leagtar síos in Airteagal 2;
- (e) ciallaíonn 'próiseáil sonraí pearsanta' a thagrófar di ina dhiaidh seo mar 'phróiseáil' aon oibríocht nó sraith oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta, bíodh nó ná bíodh an oibríocht déanta trí mhodh uathoibríoch, mar bhailiú, thaifeadadh, eagrú, stóráil, leasú nó athrú, aisghabháil, breathnú orthu, úsáid, nochtadh trí tharchur, scaipeadh nó a chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú, meascadh, bacadh, léirscriosadh nó scriosadh;
- (f) ciallaíonn 'aistriú sonraí pearsanta' cur in iúl sonraí pearsanta, a chuirtear ar fáil go gníomhach, idir líon teoranta de pháirtithe aitheanta, agus é ar eolas ag an seoltóir nó é de rún acu rochtain ar na sonraí pearsanta a thabhairt don fhaighteoir;
- (g) Ciallaíonn Údarás/Údaráis Náisiúnta Maoirseachta an t-údarás náisiúnta inniúil agus/nó breithiúnach nó na húdaráis náisiúnta inniúla agus/nó breithiúnacha a shonraíonn na Ballstáit chun faireachán [...] a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta sa Bhallstát sonrach sin.

Airteagal 2

Cúraimí

1. Tacóidh agus treiseoidh Eurojust leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdaithe agus ionchúisimh i ndáil le coireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó, nó a éilíonn ionchúiseamh ar bhoinn chomhchoiteanna, ar bhonn na n-oibríochtaí arna seoladh agus ar bhonn na faisnéise arna tabhairt ag údaráis na mBallstát agus ag Europol.
2. Agus é ag cur a chuid cúraimí chun feidhme, déanfaidh Eurojust an méid seo a leanas:
 - (a) cuirfidh sé san áireamh aon iarraidh a thagann ó údarás inniúil Ballstáit nó aon fhaisnéis a thugann **na húdaráis sin, na hinstitiúidí agus aon chomhlacht eile** atá inniúil de bhua forálacha arna nglacadh laistigh de chreat na gConarthai nó arna mbailiú ag Eurojust féin;
 - (b) éascóidh sé iarrataí ar chomhar breithiúnach, agus cinntí maidir leis, a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar ionstraimí a thugann éifeacht do phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.
3. Déanfaidh Eurojust a chuid cúraimí arna iarraidh sin d'údaráis inniúla na mBallstát nó ar a thionscnamh féin.

Airteagal 3

Inniúlacht Eurojust

1. Cumhdófar faoi inniúlacht Eurojust na foirmeacha coireachta atá liostaithe in Iarscríbhinn 1. [Ní áireofar ina inniúlacht, áfach, na coireanna a bhfuil Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh inniúil orthu.]¹⁸
- 1a **I gcás cineálacha coireachta seachas na cinn a liostaítear in Iarscríbhinn 1, féadfaidh Eurojust, i gcomhréir lena chúraimí, cabhrú le hiniúchtaí agus le hionchúisimh ar iarraidh údarás inniúil Ballsáit.**
2. Cumhdófar faoi inniúlacht Eurojust cionta coiriúla lena mbaineann. Measfar na cionta seo a leanas a bheith ina gcionta coiriúla:
 - (a) cionta coiriúla arna ndéanamh chun caoi a fháil gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 a dhéanamh;
 - (b) cionta coiriúla arna ndéanamh chun na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn 1 a éascú nó a dhéanamh;
 - (c) cionta coiriúla arna ndéanamh chun a áirithiú nach mbeidh baol pionóis leis na gníomhartha atá liostaithe in Iarscríbhinn 1.
3. Arna iarraidh sin ag údarás inniúil Ballstáit, féadfaidh Eurojust cúnamh a thabhairt i ndáil le himscrúduithe agus ionchúisimh freisin nach ndéanann difear ach don Bhallstát sin agus do thríú tír i gcás ina bhfuil comhaontú nó socrú comhair lena mbunaítear comhar de bhun Airteagal 43 tugtha i gcrích leis an tríú tír sin nó i gcás sonrach ina bhfuil leas bunúsach maidir le cúnamh den chineál sin a chur ar fáil.
4. Arna iarraidh sin ag údarás inniúil Ballstáit nó ag an gCoimisiún, féadfaidh Eurojust cúnamh a thabhairt i ndáil le himscrúduithe agus ionchúisimh nach ndéanann difear ach don Bhallstát sin [...] **ach lena mbaineann frithiarmhairtí ar leibhéal an Aontais. Agus Eurojust ag gníomhú arna iarraidh sin don Choimisiún, beidh cúnamh Eurojust faoi réir toiliú roimh ré ó údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann.**

¹⁸ Is éard atá sa téacs idir lúibíní cearnógacha tagairt do inniúlacht EPPO atá lasmuigh den chur chuige ginearálta.

Airteagal 4
Feidhmeanna oibríochtúla Eurojust

1. Déanfaidh Eurojust an méid seo a leanas:
 - (a) údaráis inniúla na mBallstát a chur ar an eolas faoi imscrúduithe agus ionchúisimh ar cuireadh ar an eolas é fúthu agus a bhfuil iarmhairtí acu ar leibhéal an Aontais nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do Bhallstáit seachas na Ballstáit sin lena mbaineann go díreach;
 - (b) cúnamh a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát an comhordú is fearr is féidir ar imscrúduithe agus ionchúisimh a áirithiú;
 - (c) cúnamh a thabhairt chun an comhar a fheabhsú idir údaráis inniúla na mBallstát, go háirithe ar bhonn anailísí Europol;
 - (d) oibriú i gcomhar agus dul i gcomhairle leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair choiriúla, lena n-áirítear úsáid a bhaint as bunachar sonraí an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh sin agus cur lena fheabhsú;
 - (e) tacaíocht oibríochta, theicniúil agus airgeadais a chur ar fáil d'oibríochtaí agus d'imscrúduithe trasteorann na mBallstát, **lena n-áirítear comhfhoirne imscrúdaithe.**
2. Agus é i mbun a chuid cúraimí, féadfaidh Eurojust na nithe seo a leanas a iarraidh ar údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann, agus tabharfaidh sé na cúiseanna atá aige sa chás sin:
 - (a) imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh ar ghníomhartha sonracha;
 - (b) glacadh leis go bhféadfadh ceann amháin acu a bheith i riocht níos fearr tabhairt faoi imscrúdú nó gníomhartha sonracha a ionchúiseamh;
 - (c) comhordú idir údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann;

- (d) comhfhoireann imscrúdaithe a bhunú i gcomhréir leis na hionstraimí comhair ábhartha;
- (e) aon fhaisnéis is gá chun a chuid cúraimí a dhéanamh a thabhairt dó;
- (f) bearta speisialta imscrúdaithe a dhéanamh;
- (g) aon bheart eile a dhéanamh a bhfuil bonn cirt faoi i ndáil leis an imscrúdú nó ionchúiseamh.

3. Ina theannta sin, féadfaidh Eurojust:

- (a) tuairimí a thabhairt do Europol atá bunaithe ar anailísí arna ndéanamh ag Europol;
- (b) tacaíocht lóistíochta a sholáthar, lena n-áirítear cúnamh cruinnithe comhordaithe a eagrú agus aistriúchán agus ateangaireacht a dhéanamh orthu.

4. I gcás nach féidir le dhá Bhallstát nó níos mó teacht ar chomhaontú maidir le cé acu ba cheart imscrúdú nó ionchúiseamh a dhéanamh tar éis iarraidh a fháil arna déanamh faoi phointe **(a) agus (b)** de mhír 2, eiseoidh Eurojust tuairim scríofa maidir leis an gcás. Cuirfear an tuairim **neamhcheangailteach** ar aghaidh go pras chuig na Ballstáit lena mbaineann.

5. Arna iarraidh sin ag údarás inniúil eiseoidh Eurojust tuairim scríofa faoi [...] dhiúltuithe nó deacrachtaí **leanúnacha** maidir le hiarrataí ar chomhar breithiúnach, agus cinntí maidir leis, a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar ionstraimí a thugann éifeacht do phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, ar choinníoll nárbh fhéidir é a réiteach trí chomhaontú frithpháirteach idir na húdaráis náisiúnta inniúla nó trí rannpháirtíocht na gcomhaltaí náisiúnta lena mbaineann. Cuirfear an tuairim **neamhcheangailteach** ar aghaidh go pras chuig na Ballstáit lena mbaineann.

6. **Tabharfaidh na húdaráis náisiúnta inniúla freagra gan moill mhíchuí ar iarrataí agus tuairimí Eurojust. I gcás ina ndéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann cinneadh gan iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 4(2) a chomhlíonadh nó cinneadh gan tuairim i scríbhinn dá dtagraítear in Airteagal 4(4) nó (5) a leanúint, cuirfidh siad Eurojust ar an eolas faon gcinneadh agus faoi na cúiseanna atá leis gan moill mhíchuí. I gcás nach féidir na cúiseanna lenar diúltaíodh iarraidh a chomhlíonadh a thabhairt toisc go ndéanfaí dochar do leasanna bunúsacha slándála náisiúnta nó go gcuirfí sábháilteacht daoine aonair i mbaol dá ndéanfaí amhlaidh, féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát cúiseanna oibríochtúla a lua.**

Airteagal 5

Feidhmeanna oibríochtúla agus feidhmeanna eile a fheidhmiú

1. Gníomhóidh Eurojust trí cheann amháin nó níos mó de na comhaltaí náisiúnta lena mbaineann agus é i mbun aon cheann de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) nó (2). **Gan dochar do mhír 2, díreoidh an Coláiste ar shaincheisteanna oibríochtúla agus ar aon saincheist eile a bhaineann go díreach le cúrsaí oibríochtúla. Ní bheidh baint aige le cúrsaí riaracháin ach a mhéid is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar a chúraimí oibríochtúla.**
2. Gníomhóidh Eurojust mar Choláiste:
 - (a) agus é i mbun aon cheann de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) nó (2):
 - (i) arna iarraidh sin ag ceann amháin nó níos mó de na comhaltaí náisiúnta a bhaineann le cás a bhfuil Eurojust ina bhun;
 - (ii) nuair a bhaineann an cás le himscrúduithe nó ionchúisimh a bhfuil iarmhairtí acu ar leibhéal an Aontais nó a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do Bhallstáit seachas na Ballstáit sin lena mbaineann go díreach;
 - (b) agus é i mbun aon cheann de na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 4(3), (4) nó (5);
 - (c) nuair is ceist ghinearálta a bhaineann lena chuspóirí oibríochta a bhaint amach atá i gceist;

- (d) [...]
 - (e) agus buiséad bliantúil Eurojust á ghlacadh [...]
 - (f) agus na cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla agus an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí Eurojust á nglacadh aige;
 - (g) agus an tUachtarán agus na Leas-Uachtaráin á dtoghadh nó á ndíbheadh aige i gcomhréir le hAirteagal 11;
 - (h) agus an Stiúrthóir Riaracháin á cheapadh aige agus, nuair is iomchuí, agus tréimhse oifige an Stiúrthóra Riaracháin á síneadh aige, nó é á chur as oifig aige i gcomhréir le hAirteagal 17;
 - (i) agus socruithe oibre a thugtar i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 38(2a) agus le hAirteagal 43 á nglacadh aige;
 - (j) agus rialacha á nglacadh aige chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú i ndáil leis na comhaltaí náisiúnta;
 - (k) agus tuarascálacha straitéiseacha, páipéir bheartais, treoirlínte chun leasa údarás náisiúnta agus tuairimí a bhaineann le hobair oibríochtúil Eurojust á n-ullmhú aige.
 - (l) agus giúistísí idirghábhála á gceapadh i gcomhréir le hAirteagal 46;
 - (m) agus aon chinneadh eile á dhéanamh aige nach luaitear go sainráite leis an mBord Feidhmiúcháin sa Rialachán seo nó nach bhfuil faoi fhreagracht an Stiúrthóra Riaracháin i gcomhréir le hAirteagal 18;
 - (n) i gcás ina bhfuil foráil eile maidir leis sa Rialachán seo.
3. Agus é ag comhlíonadh a chúraimí, cuirfidh Eurojust in iúl an bhfuil sé ag gníomhú trí cheann amháin nó níos mó de na comhaltaí náisiúnta nó mar Choláiste.

- 4. Féadfaidh an Coláiste cúraimí riaracháin breise a shannadh don Stiúrtóir Riaracháin agus don Bhord Feidhmiúcháin seachas na cúraimí dá bhforáiltear in Airteagal 16 agus in Airteagal 18, i gcomhréir lena riachtanais oibríochtúla.**
- 5. Is trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí a ghlacfaidh an Coláiste Rialach nós Imeachta Eurojust. Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú trí thromlach dhá thrian, glacfar an cinneadh trí thromlach simplí. Déanfaidh an Chomhairle na Rialacha Nós Imeachta a ghlacadh de bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. [...]**

CAIBIDIL II

STRUCHTÚR AGUS EAGRÚCHÁN EUROJUST

ROINN I

STRUCHTÚR

Airteagal 6

Struchtúr Eurojust

Is éard a bheidh i struchtúr Eurojust:

- (a) na comhaltaí náisiúnta;
- (b) an Coláiste;
- (c) an Bord Feidhmiúcháin;
- (d) an Stiúrthóir Riaracháin

ROINN II

COMHALTAÍ NÁISIÚNTA

Airteagal 7 Stádas na gcomhaltaí náisiúnta

1. Beidh comhalta náisiúnta amháin ar iasacht ó gach Ballstát ag Eurojust i gcomhréir lena chóras dlí, a mbeidh a ghnátháit oibre aige ag suíomh Eurojust.
2. Beidh ionadaí amháin agus cúntóir de chúnamh ag gach comhalta náisiúnta.
I gceanncheathrú Eurojust a bheidh gnátháit oibre ag an ionadaí agus ag an gCúntóir i prionsabal. Féadfaidh Ballstát cinneadh a dhéanamh go n-oibreoidh an t-ionadaí agus/nó an Cúntóir sa Bhallstát ar as é agus an méid sin a chur in iúl don Cholaíste. Féadfaidh an Coláiste iarraidh ar an mBallstát bonn cirt a thabhairt dá chinneadh an t-ionadaí agus an Cúntóir a lonnú sa Bhallstát ar as é, má cheanglaítear sin i riachtanais oibríochtúla Eurojust. Freagróidh an Ballstát d'iarraidh an Cholaíste gan mhoill mhíchuí.

- 2a** Féadfaidh níos mó ionadaithe nó cúntóirí a bheith de chúnamh ag an ionadaí náisiúnta agus, más gá agus le comhaontú ón gColáiste, féadfaidh Eurojust a bheith mar ghnátháit oibre acu. **Cuirfidh an Ballstát Eurojust agus an Coimisiún ar an eolas faoi ainmniú na gcomhaltaí náisiúnta, na n-ionadaithe agus na gCúntóirí.**
3. Beidh stádas ionchúisitheora, breithimh nó **póilíní** ag comhaltaí náisiúnta agus ionadaithe agus beidh inniúlacht is cóibhéiseach acu. Beidh na [...] cumhachtaí dá dtagraítear sa Rialachán seo **ar a laghad [...] ag na comhaltaí náisiúnta [...]** ionas gur féidir leo a gcuid cúraimí a dhéanamh.
- 3a. Mairfidh téarma oifige na gcomhaltaí náisiúnta agus a n-ionadaithe ceithre bliana ar a laghad, agus is féidir é a athnuachan.**
4. Beidh an t-ionadaí in ann gníomhú thar ceann an chomhalta náisiúnta nó ina ionad. Féadfaidh cúntóir gníomhú thar ceann an chomhalta náisiúnta nó ina ionad freisin má tá stádas dá dtagraítear i mír 3 aige.
5. Díreofar an fhaisnéis oibríochta a mhalartaítear idir Eurojust agus na Ballstáit tríd na comhaltaí náisiúnta.
6. [...]
7. Is é an Ballstát tionscnaimh a íocfaidh tuarastail agus luach saothar na gcomhaltaí náisiúnta, na n-ionadaithe agus na gCúntóirí, **gan dochar d'Airteagal 11a.**
8. I gcás ina ngníomhaíonn na comhaltaí náisiúnta, na hionadaithe agus na cúntóirí faoi chreat chúraimí Eurojust, measfar ar an gcaiteachas ábhartha a bhaineann leis an ngníomhaíochtaí sin a bheith ina chaiteachas oibríochta.

Airteagal 8

Cumhachtaí na gcomhaltaí náisiúnta

1. Beidh sé de chumhacht ag na comhaltaí náisiúnta:
 - (a) éascaíocht a dhéanamh agus tacaíocht a thabhairt i ndáil le haon chúnamh dlíthiúil frithpháirteach nó iarraidh ar chúnamh frithpháirteach a eisiúint agus a chomhlíonadh nó iad a eisiúint agus a chomhlíonadh iad féin;
 - (b) dul i dteagmháil go díreach le haon údarás náisiúnta inniúil ón mBallstát agus faisnéis a mhalartú leis;
 - (c) dul i dteagmháil go díreach le haon údarás idirnáisiúnta inniúil agus faisnéis a mhalartú leis, i gcomhréir le ceangaltais idirnáisiúnta a mBallstáit;
 - (d) [...]
- 1a. **Gan dochar do Mhír 1, féadfaidh na Ballstáit tuilleadh cumhachtaí a dheonú do na comhaltaí náisiúnta i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta. Tabharfaidh an Ballstát fógra foirmiúil faoi na cumhachtaí sin don Choimisiún agus don Cholaíste.**
2. I gcomhaontú **lena n-údarás inniúil náisiúnta [...], féadfaidh na comhaltaí náisiúnta [...]** i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;
 - (a) **iarrataí ar chúnamh frithpháirteach agus ar aitheantas a eisiúint agus a chomhlíonadh;**
 - (b) **bearta imscrúdaithe a ordú nó a iarraidh, agus a fheidhmiú mar [...] dá bhforáiltear i [...] [...] dTreoir 2014/14/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla;**
 - (c) [...]

(d) bheith rannpháirteach mar is gá i gcomhfhoirne imscrúdaithe lena n-áirítear ina mbunú. Más rud é, áfach, gur ó bhuiséad an Aontais a mhaoineofar an chomhfhoireann imscrúdaithe, iarrfar i gcónaí ar na comhaltaí náisiúnta lena mbaineann a bheith rannpháirteach i gcónaí.

3. I gcásanna éigeandála [...] agus a mhéid nach féidir údarás inniúil náisiúnta a shainaithint nó teagmháil a dhéanamh leis in am tráth, déanfaidh na comhaltaí náisiúnta na bearta dá dtagraítear i mír 2 i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus cuirfidh siad an t-údarás inniúil náisiúnta ar an eolas a luaithis féidir.

4. I gcás ina mbeidh deonú na gcumhachtaí dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 2 salach ar na nithe seo a leanas a bhaineann le Ballstát

(a) rialacha bunreachtúla,

nó

(b) gnéithe bunúsacha den chóras dlí choiriúil náisiúnta:

(i) maidir le comhroinnt na gcumhachtaí idir na póilíní, na hionchúisitheoirí agus na breithiúna,

(ii) maidir le comhroinnt fheidhmiúil na gcúraimí idir na húdaráis ionchúisimh,

nó

(iii) a bhaineann le struchtúr cónaidhmeach an Bhallstáit lena mbaineann,

beidh an comhalta náisiúnta inniúil ar thogra a thíolacadh chuig an údarás inniúil náisiúnta ar a mbeidh an fhreagracht chun na bearta dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 a dhéanamh.

5. Áiritheoidh na Ballstáit, sna cásanna dá dtagraítear i mír 4, go ndéileálfadh an t-údarás inniúil náisiúnta leis an iarraidh ón gcomhalta náisiúnta gan mhoill mhíchuí.

Airteagal 9

Rochtain ar chláir náisiúnta

Beidh rochtain ag na comhaltaí náisiúnta ar na cineálacha seo a leanas de chláir óna mBallstáit, nó beidh siad in ann an fhaisnéis atá iontu a fháil ar a laghad, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta:

- (a) taifid choiriúla;
- (b) cláir na ndaoine gafa;
- (c) cláir imscrúdaithe;
- (d) cláir DNA;
- (e) cláir eile ó údaráis phoiblí a mBallstáit i gcás inar gá faisnéis den chineál sin chun a gcuid cúraimí a dhéanamh.

ROINN III

AN COLÁISTE

Airteagal 10

Comhdhéanamh an Choláiste

1. Beidh ar an gColáistena **comhaltaí náisiúnta uile** Coláiste.
 - (a) [...]
 - (b) [...]
2. [...]

3. Freastalóidh an Stiúrthóir Riaracháin ar [...] chruinnithe an Choláiste, **tráth a ndéanfar saincheisteanna riaracháin a phlé**, ach ní bheidh cead vótála aige.
4. Féadfaidh an Coláiste cuireadh a thabhairt d'aon duine a bhféadfadh tuairimí ábhartha a bheith aige freastal ar a chuid cruinnithe mar bhreathnóir.
5. Féadfaidh comhaltaí an Choláiste, faoi réir fhorálacha a Rialacha Nós Imeachta, cúnamh a fháil ó chomhairleoirí nó ó shaineolaithe.

Airteagal 11

Uachtarán agus Leas-Uachtarán Eurojust

1. Toghfaidh an Coláiste Uachtarán agus beirt Leas-Uachtarán as na comhaltaí náisiúnta trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí. **I gcás nach bhféadfar tromlach dhá thrian a bhaint amach, reáchtálfar an toghchán i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta Eurojust.**
- 1a. **Feidhmeoidh an tUachtarán a fheidhmeanna thar cheann an Choláiste faoina údarás. I dtaca leis an Uachtarán;**
 - (i) **déanfaidh sé ionadaíocht thar ceann Eurojust**
 - (ii) **gairmeoidh sé cruinnithe den Choláiste agus den Bhord Feidhmiúcháin, beidh sé ina chathaoirleach ar na cruinnithe sin agus coinneoidh sé an Coláiste ar an eolas faoi shaincheisteanna ar ábhar suime dó iad.**
 - (iii) **stiúróidh sé obair an Choláiste agus déanfaidh sé maoirseacht ar an mbainistiú laethiúil áiritheoidh an Stiúrthóir Riaracháin**
 - (iv) **[...] feidhm ar bith eile [...] leagfar amach i Rialacha Nós Imeachta Eurojust a dhéanamh.**

2. **Feidhmeoidh na Leas-Uachtaráin feidhmeanna a liostaítear faoi mhír 1a a chuirfeadh an tUachtarán de chúram orthu. Rachaidh siad in ionad an Uachtaráin má choimeádtar é óna chuid dualgas a chomhlíonadh. Cabhróidh an fhoireann riaracháin leis an Uachtarán agus leis an Leas-Uachtarán [...] agus iad ag comhlíonadh a ndualgas sonrach.**
3. Mairfidh tréimhsí oifige an Uachtaráin agus na Leas-Uachtarán ceithre bliana. Féadfar iad a atoghadh uair amháin.
- 3a. **Nuair a thoghfar comhalta náisiúnta ina Uachtarán nó ina Leas-Uachtarán ar Eurojust, cuirfear síneadh lena théarma oifige chun a áirithiú gur féidir leis nó léi a fheidhm mar Uachtarán nó Leas-Uachtarán a chomhlíonadh.**
4. **I gcás nach gcomhlíonfaidh an Uachtarán nó an Leas-Uachtarán na coinníollacha a thuilleadh atá riachtanach chun a chúraimí a dhéanamh, féadfaidh an Coláiste é a bhriseadh as an bpost ar mholadh ó thrían dá chomhaltaí. Glacfar an cinneadh bunaithe ar thromlach dhá thrían dá chomhaltaí, gan an Uachtarán nó an Leas-Uachtarán lena mbaineann a chur san áireamh.**
5. **Nuair a thoghfar comhalta náisiúnta ina Uachtarán nó ina Leas-Uachtarán ar Eurojust. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann duine eile a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige a thabhairt ar iasacht chun an deasc náisiúnta a threisiú ar feadh tréimhse cheapacháin an té a bheadh tofa mar Uachtarán nó Leas-Uachtarán. Beidh an Ballstát a cinnfidh duine den chineál sin a thabhairt ar iasacht i dteideal cur isteach ar chúiteamh i gcomhréir le hAirteagal 11a.**

Airteagal 11a

Sásra cúitimh le haghaidh toghcháin do phoist an Uachtaráin agus an Leas-Uachtaráin

1. **Laistigh de bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, samhail cúitimh shocraithe chun críche Airteagal 11(5), a chuirfear ar fáil do Bhallstáit a dtoghfar a gcomhalta náisiúnta mar Uachtarán nó Leas-Uachtarán.**

2. Cuirfear an cúiteamh ar fáil d'aon Bhallstát;

(i) a mbeidh a chomhalta tofa mar Uachtarán nó Leas-Uachtarán

agus,

(ii) a iarrfaidh cúiteamh ón gColáiste agus a thabharfaidh bonn cirt don riachtanas chun an deasc náisiúnta a threisiú bunaithe ar mhéadú ar an ualach oibre.

3. **Beidh an cúiteamh a chuirfear ar fáil cothrom le 70% de thuarastal náisiúnta an té a bheadh ar iasacht. Cuirfear costais mhaireachtála agus speansais ghaolmhara ar fáil ar bhonn comparáideach lena gcuirtear ar fáil d'oifigh AE nó do shearbhóntaí poiblí eile ar iasacht thar lear.¹⁹**

4. **Bainfear costas an sásra cúitimh as buiséad Eurojust.**

Airteagal 12

Cruinnithe an Choláiste

1. Is é an tUachtarán a thionólfaidh cruinnithe an Choláiste.
2. Reáchtálfaidh an Coláiste cruinniú amháin [...] ar a laghad in aghaidh na míosa. Ina theannta sin, reáchtálfaidh sé cruinniú ar thionscnamh an Uachtaráin [...] nó arna iarraidh sin don tríú cuid dá chomhaltaí ar a laghad.
3. [Gheobhaidh an tIonchúisitheoir Poiblí Eorpach na cláir oibre ó chruinnithe uile an Choláiste agus beidh sé i dteideal bheith rannpháirteach sna cruinnithe sin, gan cead vótála aige, nuair a phléifear ceistanna a mheasann sé a bheith ábhartha maidir le feidhmiú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.]²⁰

¹⁹ Tagairt do na rialacha sonracha lena rialaítear oifigh AE nó oifigigh poiblí eile a thabhairt ar iasacht le cur isteach.

²⁰ Baineann Airteagal 12(3) le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus, dá réir sin, ní cuid den chur chuige ginearálta é.

Airteagal 13

Rialacha vótála an Choláiste

1. Mura luaitear a mhalairt, is trí thromlach a chomhaltaí a dhéanfaidh an Coláiste a chinntí.
2. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta. **In éagmais comhalta vótála, beidh an t-ionadaí agus na Cúntóirí aige i dteideal a cheart vótála a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 7(4).**

Airteagal 14

[...]

(...)

Airteagal 15

[...]

(...)

ROINN IV
AN BORD FEIDHMIÚCHÁIN

Airteagal 16

Feidhmiú an Bhoird Feidhmiúcháin

1. Beidh Bord Feidhmiúcháin de chúnamh ag an gColáiste. Beidh an Bord Feidhmiúcháin freagrach as na príomhchinntí riaracháin a dhéanamh chun feidhmiú Eurojust a áirithiú. Déanfaidh sé an obair riachtanach ullmhúcháin freisin maidir le saincheisteanna eile riarachain chun go bhformheasfaidh an Coláiste iad i gcomhréir le hAirteagal 5(2). Ní bheidh an Bord Feidhmiúcháin bainteach le feidhmeanna oibríochtúla Eurojust dá dtagraítear in Airteagal 4 agus in Airteagal 5.
- 1a. Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin dul i gcomhairle leis an gColáiste nuair a bheidh an buiséad bliantúil, an tuarascáil bhliantúil agus cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla á n-ullmhú aige do Eurojust, agus féadfaidh sé faisnéis neamhoibríochtúil a fháil ón gColáiste, más gá, chun go mbeidh sé inniúil ar a chúraimí a chomhlíonadh.
2. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an méid seo a leanas [...]
- (a) Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin an méid seo a leanas freisin:
 - (a) [...] cláir oibre bhliantúla agus ilbhliantúla Eurojust a fhormheas arna mbunú ar an dréacht a bheidh ullmhaithe ag an Stiúrthóir Riaracháin agus iad a chur ar aghaidh chuig an gColáiste lena nglacadh [...]
 - (b) straitéis frithchalaoise a ghlacadh[...] le haghaidh Eurojust a bhunófar ar dhréacht a ullmhóidh an Stiúrthóir Riaracháin;

- (c) rialacha iomchuí cur chun feidhme a ghlacadh do Rialacháin Foirne agus do Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne;
- (d) a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar na torthaí agus ar na moltaí a eascraíonn ó thuarascálacha iniúchta inmheánaí nó seachtraí, ó mheastóireachtaí agus ó imscrúduithe **a mhéid nach mbeidh aon nasc acu le hobair oibríochtúil an Choláiste**, lena n-áirítear iad siúd de chuid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (MECS) agus na hOifige Frithchalaoise Eorpaí (OLAF);
- (e) gach cinneadh a ghlacadh faoi bhunú struchtúir inmheánacha riaracháin Eurojust agus, nuair is gá, faoi leasú a dhéanamh orthu;
- (f) [...]
- (g) [...]
- (h) [...]

- (aa) aon chúraimí breise eile riaracháin a shannfaidh an Coláiste dó faoi Airteagal 5(4) a ghabháil de láimh;
- (bb) buiséad bliantúil Eurojust a ullmhú lena ghlacadh ag an gColáiste [...] [...];
- (cc) tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí Eurojust a fhorghnó agus í a chur ar aghaidh chuig an gColáiste lena glacadh.
- (dd) na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le Eurojust a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 52;
- (ee) Oifigeach Cuntasaíochta agus Oifigeach Cosanta Sonraí a cheapadh a bheidh neamhspleách go feidhmiúil i gcomhlíonadh a ndualgas;
- (ff) glacfaidh sé, i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne, cinneadh a bhunófar ar Airteagal 2(1) de na Rialacháin Foirne agus ar Airteagal 6 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile chun cumhachtaí an údaráis ceapacháin ábhartha a tharmligean chuig an Stiúrthóir Riaracháin agus chun na coinníollacha a shainiú faoinar féidir an tarmligean cumhachtaí sin a chur ar fionraí. Beidh údarás ag an Stiúrthóir Riaracháin na cumhachtaí sin a fho-tharmligean.

3. [...]

4. Is iad seo a leanas a bheidh sa Bhord Feidhmiúcháin; Uachtarán agus Leas-Uachtarán an Chólaiste, ionadaí amháin ón gCoimisiún [...] agus **dhá** chomhalta eile de chuid an Chólaiste [...] **a ainmneofar** de réir córais uainíochta dhá bhliain i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta an Chólaiste agus an Stiúrthóir Riaracháin. Freastalóidh an Stiúrthóir Riaracháin **ar chruinnithe an Bhord Feidhmiúcháin, ach ní bheidh cead vótála aige.**

4a. Beidh Uachtarán an Chólaiste ina Chathaoirleach ar an mBord Feidhmiúcháin. Déanfaidh an Bord Feidhmiúcháin a chinntí trí thromlach dá chomhaltaí. Beidh aon vóta amháin ag gach comhalta [...]. **I gcás comhionannas vótaí, is ag an Uachtarán a bheidh an vóta réitigh.**

5. [...] Tiocfaidh deireadh le tréimhse oifige chomhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin nuair a thiocfaidh deireadh lena dtéarma mar chomhaltaí náisiúnta, **mar Uachtarán nó mar Leas-Uachtarán**.
6. Reáchtálfaidh an Bord Feidhmiúcháin [...] cruinniú uair sa mhí **ar a laghad** [...]. Ina theannta sin, reáchtálfaidh sé cruinnithe ar thionscnamh a Chathaoirligh nó arna iarraidh sin don Choimisiún nó do bheirt dá chomhaltaí eile ar a laghad.
- [7. Gheobhaidh an tIonchúisitheoir Phoiblí Eorpach na cláir oibre ó chruinnithe uile an Bhoird Feidhmiúcháin agus beidh saoirse aige a bheith rannpháirteach sna cruinnithe sin, gan cead vótála aige, nuair a phléitear ceisteanna a mheasann sé a bheith ábhartha maidir le feidhmiú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.
8. Féadfaidh feidhmiú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh tuairimí i scríbhinn a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin, agus freagróidh an Bord Feidhmiúcháin i scríbhinn iad gan mhoill mhíchuí.]²¹

Airteagal 16a²²

Clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil

1. Faoi [30 Samhain gach bliain], glacfaidh an Coláiste doiciméad clársceidealaithe ina mbeidh an clár oibre bliantúil agus ilbhliantúil, ar bhonn dréachta arna chur ar aghaidh ag an Stiúrthóir Riaracháin agus arna fhormheas ag an mBord Feidhmiúcháin. Cuirfidh sé ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún é. Beidh an clár oibre ina dhoiciméad críochnaitheach tar éis ghlacadh deiridh an bhuiséid ghinearálta agus coigeartófar é dá réir, más gá.
2. Cuimseofar sa chlár oibre bliantúil cuspóirí sonracha agus torthaí ionchais lena n-áirítear táscairí feidhmíochta. Beidh cur síos ann freisin ar na gníomhartha atá le maoiniú chomh maith le léiriú ar na hacmhainní airgeadais agus daonna arna leithdháileadh ar gach gníomh, i gcomhréir le prionsabail an bhuiséadaithe agus an bhainistithe bunaithe ar ghníomhaíocht.

²¹ Baineann Airteagal 16(7) agus (8) le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus, dá réir sin, ní cuid den chur chuige ginearálta iad.

²² Airteagal 15 den togra ón gCoimisiún roimhe seo.

Beidh an clár oibre bliantúil ar aon dul leis an gclár oibre ilbhliantúil dá dtagraítear i mír 4. Sonrófar ann go soiléir cad iad na cúraimí breise a cuireadh leis, a athraíodh nó a scriosadh i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe.

3. Leasóidh an Coláiste an clár oibre bliantúil a glacadh, i gcás ina gcuirfear cúram nua ar Eurojust. Glacfar le haon leasú substaintiúil ar an gclár oibre bliantúil tríd an nós imeachta céanna lena glacadh an clár oibre bliantúil tosaigh. Féadfaidh an Bord Feidhmiúcháin an chumhacht a tharmligean chuig an Stiúrthóir Riaracháin chun leasuithe neamhshubstaintiúla a dhéanamh ar an gclár oibre bliantúil, ach go gcoimeádfaidh sé an Bord Feidhmiúcháin ar an eolas ar feadh an ama maidir le haon leasú den sórt sin.
4. Leagfar amach sa chlár oibre ilbhliantúil an clársceidealú straitéiseach foriomlán lena n-áirítear cuspóirí, torthaí ionchais agus táscairí feidhmíochta. Leagfar amach clársceidealú acmhainní freisin, lena n-áirítear an buiséad agus an fhoireann. Tabharfar an clársceidealú acmhainní cothrom le dáta gach bliain. Tabharfar an clársceidealú straitéiseach cothrom le dáta nuair is iomchuí, agus go háirithe chun dul i ngleic le toradh na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 56.

ROINN V

AN STIÚRTHÓIR RIARACHÁIN

(...)

Airteagal 17

Stádas an Stiúrthóra Riaracháin

1. Ceapfar an Stiúrthóir Riaracháin mar ghníomhaire sealadach de chuid Eurojust faoi Airteagal 2(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

2. Ceapfaidh an Coláiste an Stiúrthóir Riaracháin, as liosta iarrthóirí arna moladh ag an [...] **mBord Feidhmiúcháin**, tar éis nós imeachta roghnúcháin oscailte agus trédhearcach **i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta Eurojust**. Chun críche chonradh an Stiúrthóra Riaracháin a thabhairt i gcrích, déanfaidh Uachtarán an Choláiste ionadaíocht thar ceann Eurojust.
3. Mairfidh tréimhse oifige an Stiúrthóra Riaracháin ar feadh [...] **ceithre** bliana. Faoi dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an [...] **Bord Feidhmiúcháin** measúnú ina gcuirfear san áireamh meastóireacht ar fheidhmíocht an Stiúrthóra Riaracháin.
4. Féadfaidh an Coláiste, ag gníomhú ar thogra ón [...] **mBord Feidhmiúcháin** ina gcuirtear san áireamh an measúnú dá dtagraítear i mír 3, tréimhse oifige an Stiúrthóra Riaracháin a shíneadh uair amháin, ar feadh [...] **ceithre** bliana ar a mhéid.
5. Ní fhéadfaidh Stiúrthóir Riaracháin a ndearnadh a thréimhse oifige a shíneadh a bheith rannpháirteach i nós imeachta roghnúcháin eile le haghaidh an phoist chéanna ag deireadh na tréimhse foriomláine.
6. Beidh an Stiúrthóir Riaracháin freagrach don Choláiste [...].
7. Ní fhéadfar an Stiúrthóir Riaracháin a chur as oifig ach amháin ar chinneadh ón gColáiste **ar bhonn thromlach dhá thrían dá chomhaltaí**. [...]

Airteagal 18

Freagrachtaí an Stiúrthóra Riaracháin

1. Chun críocha riaracháin, déanfaidh an Stiúrthóir Riaracháin bainistiú ar Eurojust.
2. Gan dochar do chumhachtaí [...] an Choláiste ná an Bhoird Feidhmiúcháin, beidh an Stiúrthóir Riaracháin go hiomlán neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid dualgas agus ní iarrfaidh sé ná ní thógfaidh sé teoracha ó aon rialtas ná aon chomhlacht eile.

3. Beidh an Stiúrthóir Riaracháin mar ionadaí dlí do Eurojust.
4. Beidh an Stiúrthóir Riaracháin freagrach as na cúraimí a sannadh do Eurojust a chur chun feidhme. Beidh an Stiúrthóir Riaracháin freagrach as an méid seo a leanas, go háirithe:
- (a) riarachán laethúil Eurojust **agus bainistiú foirne**;
 - (b) na cinntí arna nglacadh ag an gColáiste agus ag an mBord Feidhmiúcháin a chur chun feidhme;
 - (c) **clár oibre bliantúil agus ilbhliantúil** a ullmhú[...] agus **a thíolacadh**[...] chuig an mBord Feidhmiúcháin **lena** [...] **fhormheas** [...]
 - (d) **clár oibre bliantúil agus ilbhliantúil** [...] a chur chun feidhme agus tuairisc a thabhairt don Bhord Feidhmiúcháin maidir lena chur chun feidhme;
 - (e) tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí Eurojust a ullmhú agus an tuarascáil sin a thíolacadh don Bhord Feidhmiúcháin [...] i gcomhair a formheasta;
 - (f) plean gníomhaíochta a ullmhú ag leanúint as conclúidí na dtuarascálacha, na meastóireachtaí agus na n-imscrúduithe inmheánacha nó seachtracha, lena n-áirítear iad siúd ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus ó OLAF, agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn dhá uair sa bhliain don Bhord Feidhmiúcháin, **don Choláiste**, don Choimisiún agus don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí;
 - (g) [...]
 - (g) straitéis frithchalaoise le haghaidh Eurojust a ullmhú agus í a chur faoi bhráid an Bhoird Feidhmiúcháin lena formheas;

- (h) na dréacht-rialacha airgeadais is infheidhme maidir le Eurojust a ullmhú;
- (i) dréacht-ráiteas Eurojust faoi mheastacháin ioncaim agus caiteachais a ullmhú agus a bhuiséad a chur chun feidhme;
- (j) **na cumhachtaí a fheidhmiú i ndáil le baill foirne na Gníomhaireachta a dheonaigh na Rialacháin Foirne²³ ar an Údarás Ceapacháin agus a dheonaigh Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile²⁴ ar an Údarás atá Cumhachtaithe chun Conarthaí Fostaíochta a thabhairt chun críche ("cumhachtaí an údaráis ceapacháin");**
- (k) [...] an tacaíocht riaracháin is gá a chur ar fáil chun obair oibríochtúil Eurojust a éascú;
- (l) **tacaíocht a thabhairt don Uachtarán agus don Leas-Uachtarán agus iad i mbun a gcúraimí.**

5. Féadfaidh an Chomhairle iarraidh ar an Stiúrthóir Riaracháin tuairisc a thabhairt ar an dóigh a ndearna sé a dhualgais.

²³ Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA) ón gComhairle an 18 Nollaig 1961 lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach, IO P 045, 14.6.1962, lch. 1385, arna leasú, go háirithe, ag Rialachán Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú aige féin ina dhiaidh sin.

²⁴ Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA) ón gComhairle an 18 Nollaig 1961 lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach, IO P 045, 14.6.1962, lch. 1385, arna leasú, go háirithe, ag Rialachán Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú aige féin ina dhiaidh sin.

CAIBIDIL III

CÚRSAÍ OIBRÍOCHTÚLA

Article 19

Buanchóras Comhordúcháin (BC)

1. D'fhonn a chuid cúraimí a chomhlíonadh i gcásanna práinne, feidhmeoidh Eurojust Buanchóras Comhordúcháin a bheidh in ann iarrataí a chuirtear faoina bhráid a ghlacadh agus a phróiseáil tráth ar bith. Beifear in ann **teagmháil a dhéanamh** leis an mBuanchóras Comhordúcháin [...] 24 uair an chloig in aghaidh an lae, seacht lá na seachtaine.
2. Rachaidh an Buanchóras Comhordúcháin ar iontaoibh ionadaí amháin (ionadaí BC) in aghaidh gach Ballstáit, is é sin an comhalta náisiúnta, a ionadaí [...] Cúntóir atá i dteideal ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an chomhalta náisiúnta **nó údarás eile a ainmneofar chun na críche sin faoin dlí náisiúnta**. Beidh an t-ionadaí don Chomhardú ar Ghlaodhualgas in ann gníomhú ar bhonn 24 uair an chloig in aghaidh an lae, seacht lá na seachtaine.
3. Gníomhóidh na hionadaithe don Chomhardú ar Ghlaodhualgas gan mhoill, maidir leis an iarraidh ina mBallstát a chomhlíonadh. **Gníomhóidh comhaltaí náisiúnta ar ionadaithe iad trí na cumhachtaí a bheidh acu a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 8.**

Airteagal 20

Córas Eurojust um Chomhordú Náisiúnta

1. Ainmneoidh gach Ballstát comhfhreagraí náisiúnta Eurojust amháin nó níos mó.
2. Bunóidh gach Ballstát córas Eurojust um chomhordú náisiúnta lena áirithiú go ndéanfar comhordú ar an obair arna déanamh acu seo a leanas:
 - (a) comhfhreagraithe náisiúnta Eurojust;
 - (b) comhfhreagraí náisiúnta Eurojust le haghaidh cúrsaí sceimhlitheoireachta;

- (c) comhfhreagraí náisiúnta an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh i gcúrsaí coiriúla agus suas le trí phointe teagmhála eile den Ghréasán Breithiúnach Eorpach sin;
 - (d) ionadaithe náisiúnta nó pointí teagmhála an Líonra um Chomhfhóirne Imscrúdaithe agus na ngréasán a bunaíodh le Cinneadh 2002/494/CGB, Cinneadh 2002/845/CGB agus le Cinneadh 2008/852/CGB;
 - (e) **i gcás inarb infheidhme, aon údarás breithiúnach ábhartha eile.**
3. Coinneoidh na daoine dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a bpoist agus a stádas faoin dlí náisiúnta.
4. Beidh comhfhreagraithe náisiúnta Eurojust freagrach as feidhmiú chóras Eurojust um chomhordú náisiúnta. I gcás na ndéantar go leor de chomhfhreagraithe Eurojust a ainmniú, beidh duine acu freagrach as feidhmiú chóras Eurojust um chomhordú náisiúnta.
- 4(a). Cuirfear an comhalta náisiúnta de Eurojust ar an eolas faoi gach cruinniú de chuid Chóras Náisiúnta Eurojust um Chomhordú ina bpléifear cúrsaí a bhaineann le cásobair agus féadfaidh sé freastal ar an gcrúinniú de réir mar is gá.**
5. Laistigh den Bhallstát, éascóidh córas Eurojust um chomhordú náisiúnta cúraimí Eurojust a dhéanamh, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- (a) a áirithiú go bhfaighidh an Córas Bainistithe Cásanna dá dtagraítear in Airteagal 24 faisnéis atá bainteach leis an mBallstát lena mbaineann ar bhealach éifeachtach agus iontaofa;
 - (b) cúnamh a thabhairt maidir le cinneadh a dhéanamh ar cheart [...] **plé le hiarraidh** [...] le cúnamh ó Eurojust nó ón nGréasán Breithiúnach Eorpach;
 - (c) cúnamh a thabhairt don chomhalta náisiúnta na húdaráis ábhartha a aithint i ndáil le hiarataí ar chomhar breithiúnach, agus cinntí maidir leis, a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar ionstraimí a thugann éifeacht do phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh;
 - (d) dlúthchomhar a choinneáil le hAonad Náisiúnta Europol, **le pointí teagmhála eile de chuid an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh agus le húdaráis inniúla náisiúnta ábhartha eile.**

6. D'fhonn na cuspóirí dá dtagraítear i mír 5 a bhaint amach, nascfar na daoine dá dtagraítear i mír 1 agus i bpointí (a), (b) agus (c) de mhír 2, agus féadfar go nascfar na daoine **nó na húdaráis** dá dtagraítear i bpointe (d) **agus (e)** de mhír 2, leis an gCóras Bainistithe Cásanna i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hAirteagail 24, 25, 26 agus 30. Bainfear costas an naisc leis an gCóras Bainistithe Cásanna as buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.
7. Ní choiscfidh bunú chóras Eurojust um chomhordú náisiúnta ná ainmniú na gcomhfhreagraithe náisiúnta teagmhálacha díreacha idir an comhalta náisiúnta agus na húdaráis inniúla ina Bhallstát.

Airteagal 21

Malartuithe faisnéise leis na Ballstáit agus idir chomhaltaí náisiúnta

2. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát aon fhaisnéis atá riachtanach do Eurojust chun a chúraimí a dhéanamh a mhalartú leis i gcomhréir le hAirteagal 2 agus le hAirteagal 4 chomh maith leis na rialacha um chosaint sonraí atá leagtha amach sa Rialachán seo. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír **4**, i mír 5 **agus** i mír 6 [...] ar a laghad san áireamh ann.
2. Ní thuigfear gurb ionann faisnéis a tharchur chuig Eurojust agus cúnamh Eurojust a iarraidh sa chás lena mbaineann **ach amháin** má shonraíonn údarás inniúil gurb amhlaidh go bhfuil cúnamh á iarraidh.
3. Déanfaidh na comhaltaí náisiúnta aon fhaisnéis is gá chun cúraimí Eurojust a dhéanamh a mhalartú, gan údarú roimh ré, ina measc féin nó le húdaráis inniúla a mBallstáit. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla a gcomhaltaí náisiúnta ar an eolas go pras maidir le cás a bhaineann leo, go háirithe.
4. Cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta a gcomhaltaí náisiúnta ar an eolas maidir le comhfhoirne imscrúdaithe a bhunófar agus maidir le torthaí ar obair na bhfoirne sin.

5. Cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta a gcomhaltaí náisiúnta ar an eolas gan moill mhíchuí maidir le haon chás [...] a dhéanann difear do trí Bhallstát **go díreach** ar a laghad a bhfuil iarrataí ar chomhar breithiúnach, nó cinntí maidir leo, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar ionstraimí a thugann éifeacht do phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, tarchurtha chuig dhá Bhallstát ar a laghad lena aghaidh, agus,

(a) i gcás ina mbeidh an cion lena mbaineann inphionóis sa Bhallstáit iarrthach nó sa Bhallstát eisiúna le pianbhreith choimeádta nó le hordú coinneála ar feadh tréimshe cúig nó sé bliana ar a laghad a bheidh le cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann agus áirítear é ar an liosta seo a leanas:

- (i) gáinneáil ar dhaoine;**
- (ii) mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach, lena n-áirítear pornagrafaíocht leanaí agus sirtheoireacht leanaí chun críocha gnéasacha;**
- (iii) gáinneáil ar dhruaí;**
- (iv) gáinneáil aindleathach ar [...] airm, [...] ar armlón agus ar phléascáin;**
- (v) éilliú;**
- (vi) coireacht i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais;**
- (vii) brionnú airgid agus modhanna íocaíochta**
- (viii) gníomhaíochtaí sciúrtha airgid;**
- (ix) coireacht ríomhaire**

nó

(b) i gcás ina mbeidh táscairí fíriciúla ann go rbhfuil eagraíocht choiriúil rannpháirteach.

nó

(c) i gcás ina mbeidh táscairí ann go bhféadfadh gné thromchúiseach trasteorann nó frithiarmhairtí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a bheith i gceist nó go bhféadfadh sé éifeacht a bheith aige ar Bhallstáit eile seachas na cinn a bhfuil baint dhíreach acu leis.

6. Cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta a gcomhaltaí náisiúnta ar an eolas maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) cásanna inar tháinig coinbhleachtaí dlínse chun cinn nó inar dócha go dtiocfaidh siad chun cinn;
- (b) seachadtaí rialaithe a dhéanann difear do thrí thír ar a laghad, ar Ballstáit iad péire acu ar a laghad;
- (c) deacrachtaí nó diúltuithe leanúnacha maidir le hiarrataí ar chomhar breithiúnach, agus cinntí maidir leis, a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar ionstraimí a thugann éifeacht do phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.

7. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar údaráis náisiúnta faisnéis a sholáthar i gcás sonrach más rud é go mbeadh sé de thoradh ar sholáthar na faisnéise sin:

- (a) go ndéanfaí dochar do leasanna bunúsacha slándála náisiúnta; nó
- (b) go gcuirfí sábháilteacht daoine aonair i mbaol.

8. Beidh an Airteagal seo gan dochar do na coinníollacha arna socrú i gcomhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha nó i socruithe idir na Ballstáit agus tríú tíortha, lena n-áirítear aon choinníollacha arna socrú ag tríú tíortha maidir le húsáid na faisnéise tar éis í a sholáthar.

8a. Beidh an tAirteagal seo gan dochar d'oibleagáidí eile maidir le faisnéis a tharchur chuig Eurojust, lena n-áirítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2005 maidir le malartú faisnéise agus comhar a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta.²⁵

²⁵ IO L 167, 26.6.2002, lch. 1.

9. Déanfar faisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo a sholáthar ar bhealach struchtúrtha arna bhunú ag Eurojust. **Ní bheidh sé d'oibleagáid ar an údarás náisiúnta an fhaisnéis sin a chur ar fáil i gcás ina mbeadh sí tíolachtha chuig Eurojust cheana i gcomhréir le forálacha eile den Rialachán seo.**

Airteagal 22

Faisnéis arna tabhairt ag Eurojust do na húdaráis náisiúnta inniúla

1. Tabharfaidh Eurojust faisnéis **agus aiseolas** do na húdaráis náisiúnta inniúla maidir leis na torthaí ar phróiseáil na faisnéise, lena n-áirítear naisc a bheith ann le cásanna atá stóráilte cheana féin sa Chóras Bainistithe Cásanna. Féadfar sonraí pearsanta a bheith san áireamh san fhaisnéis sin.
2. I gcás ina n-iarrfaidh údarás náisiúnta inniúil ar Eurojust faisnéis a thabhairt dó, déanfaidh Eurojust í a tharchur laistigh den thréimhse ama a d'iarr an t-údarás sin.

Airteagal 23

[...]

(...)

Airteagal 24

An Córas Bainistithe Cásanna, an t-innéacs agus comhaid oibre shealadacha

1. Bunóidh Eurojust Córas Bainistithe Cásanna a bheidh comhdhéanta de chomhaid oibre shealadacha agus innéacs ina mbeidh sonraí pearsanta mar a thagraítear dóibh in Iarscríbhinn 2 agus sonraí nach sonraí pearsanta iad.
2. Is é cuspóir an Chórais Bainistithe Cásanna:
 - (a) tacú le bainistíocht agus comhordú ar imscrúduithe agus ar ionchúisimh a bhfuil Eurojust ag tabhairt cúnamh ina leith, go háirithe trí an fhaisnéis a chrostagairt;

- (b) rochtain ar fhaisnéis maidir le himscrúduithe agus ionchúisimh leanúnacha a éascú;
- (c) faireachán ar an dlíthiúlacht maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus ar chomhlíonadh fhorálacha an Rialacháin seo ina leith a éascú;
3. Féadfar an Córas Bainistithe Cásanna a nascadh leis an nasc slán teileachumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 9 de Chinneadh 2008/976/CGB.
4. Beidh tagairtí san innéacs do chomhaid oibre shealadacha arna bpróiseáil faoi chuimsiú Eurojust agus ní fhéadfar aon sonraí pearsanta a bheith ann seachas na sonraí sin dá dtagraítear i bpointe (1)(a) go (i), (k) agus (m) agus i bpointe (2) d'Iarscríbhinn 2.
5. Agus a gcuid dualgas á gcomhlíonadh acu, féadfaidh na comhaltaí náisiúnta sonraí a phróiseáil faoi na cásanna aonair ar a bhfuil siad ag obair i gcomhad oibre sealadach. [...] Cuirfidh an comhalta náisiúnta lena mbaineann an tOifigeach Cosanta Sonraí ar an eolas maidir le gach comhad oibre sealadach nua a osclófar ina bhfuil sonraí pearsanta.
- I bhfeidhmiú a ndualgas dó, déanfaidh an comhalta náisiúnta rochtain ar an gcomhad oibre sealadach a cheadú don Oifigeach Cosanta Sonraí.**
6. Ní fhéadfaidh Eurojust aon chomhad sonraí uathoibrithe a bhunú seachas an Córas Bainistithe Cásanna nó comhad oibre sealadach chun sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil [...]. **Féadfaidh an comhalta náisiúnta sonraí pearsanta a stóráil agus a anailísiú ar bhonn sealadach, áfach, chun a shuíomh an bhfuil sonraí den sórt sin ábhartha do chúraimí Eurojust agus an bhféadfar iad a áireamh sa Chóras Bainistithe Cásanna. Féadfar na sonraí sin a choimeád ar feadh tréimhse suas le 3 mhí.**

- [7. Cuirfear an Córas Bainistithe Cásanna agus na comhaid oibre shealadacha a ghabhann leis ar fáil le go mbainfidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh úsáid astu.
8. Beidh feidhm ag na forálacha maidir le rochtain ar an gCóras Bainistithe Cásanna agus ar na comhaid oibre shealadacha, *mutatis mutandis*, ar Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh. Ní bheidh an fhaisnéis a chuirfidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh isteach sa Chóras Bainistithe Cásanna, sna comhaid oibre shealadacha ná san innéacs ar fáil ar an leibhéal náisiúnta áfach.]²⁶

Airteagal 25

Feidhmiú comhad oibre sealadach agus an innéacs

1. Oscróidh an comhalta náisiúnta lena mbaineann comhad oibre sealadach do gach cás a ndéanfar faisnéis a tharchur chuige nó chuici ina leith a mhéid agus a bheidh an tarchur sin i gcomhréir leis an Rialachán seo [...] Beidh an comhalta náisiúnta freagrach as bainistiú na gcomhad sealadach a d'oscail an comhalta náisiúnta sin.
2. Cinnfidh an comhalta náisiúnta a d'oscail comhad oibre sealadach, de réir an cháis, an gcoinneofar srian ar an gcomhad oibre sealadach nó an dtabharfar rochtain air nó ar chodanna de, do chomhaltaí náisiúnta eile nó do bhaill foirne Eurojust **nó d'aon duine eile a bheidh ag obair thar ceann Eurojust [...] agus a fuair an t-údarú cuí ón Stiúrthóir Riaracháin.**
3. Cinnfidh an comhalta náisiúnta a d'oscail comhad oibre sealadach cén fhaisnéis a bhaineann leis an gcomhad oibre sealadach sin a iontrálfar san innéacs.

²⁶ Baineann Airteagal 24(7) agus (8) le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus ní áirítear iad sa chur chuige ginearálta.

Airteagal 6

Rochtain ar an gCóras Bainistithe Cásanna ar an leibhéal náisiúnta

1. Ní fhéadfaidh daoine dá dtagraítear dóibh in Airteagal 20(2), sa mhéid go bhfuil siad nasctha leis an gCóras Bainistithe Cásanna, rochtain a fháil ach ar an méid seo a leanas:
 - (a) an t-innéacs, ach amháin má dhiúltaigh an comhalta náisiúnta a rinne an cinneadh na sonraí a iontráil san innéacs do rochtain den sórt sin go sainráite;
 - (b) comhaid oibre shealadacha a d'oscail comhalta náisiúnta a mBallstáit;
 - (c) comhaid oibre shealadacha a d'oscail comhaltaí náisiúnta ó Bhallstáit eile agus a bhfuair comhalta náisiúnta óna mBallstáit rochtain orthu, ach amháin má dhiúltaigh an comhalta náisiúnta a d'oscail an comhad oibre sealadach do rochtain den sórt sin go sainráite.
2. Déanfaidh an comhalta náisiúnta cinneadh, laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear i mír 1, maidir leis an méid rochtana ar na comhaid oibre shealadacha arna thabhairt ina Bhallstát do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(2) sa mhéid go bhfuil siad nasctha leis an gCóras Bainistithe Cásanna.
3. Déanfaidh gach Ballstát cinneadh, tar éis dul i gcomhairle lena chomhalta náisiúnta, maidir leis an méid rochtana ar an innéacs arna thabhairt sa Bhallstát sin do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 20(2) sa mhéid go bhfuil siad nasctha leis an gCóras Bainistithe Cásanna. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do Eurojust agus don Choimisiún maidir lena gcinneadh i ndáil le cur chun feidhme na míre seo. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoin méid sin.
4. Beidh rochtain ar a laghad ag daoine ar tugadh rochtain dóibh i gcomhréir le mír 2 ar an innéacs sa mhéid is gá chun rochtain a fháil ar na comhaid oibre shealadacha ar tugadh rochtain orthu dóibh.

Caibidil IV

²⁷Faisnéis a phróiseáil

Airteagal x

Sainmhínithe

Airteagal 26a

Prionsabail ghinearálta na cosanta sonraí

Maidir le sonraí pearsanta:

- (a) déanfar próiseáil chóir agus dhleathach orthu;
- (b) baileofar iad le haghaidh cuspóirí sonraithe, soiléire agus dlisteanacha agus ní dhéanfar tuilleadh próiseála orthu ar bhealach a bheidh ar neamhréir leis na cuspóirí sin. Ní mheasfar go bhfuil tuilleadh próiseála chun críocha cuspóirí staire, staidrimh nó eolaíochta neamhréititheach ar choinníoll go gcuirfidh Eurojust coimircí oiriúnacha ar fáil, chun a áirithiú go háirithe nach bpróiseálfar sonraí chun aon chríocha eile;
- (c) beidh siad dóthanach, ábhartha agus ní bheidh siad iomarcach i ndáil leis na críocha chuig a ndéanfar próiseáil orthu;

²⁷ Tá forchoimeádas ag an gCoimisiún maidir le Caibidil IV agus tá sé den tuairim gur cheart go mbeadh feidhm ag Rialachán 45/2001 maidir leis na sonraí uile a phróiseálann Eurojust.

- (d) beidh siad cruinn agus coimeádfar cothrom le dáta iad; ní mór gach céim réasúnta a ghlacadh lena áirithiú go ndéanfar sonraí pearsanta atá míchruinn a scríosadh nó a chur i gceart gan mhoill, ag féachaint do na críocha chuig a ndéanfar próiseáil orthu;
- (e) coimeádfar iad i bhfoirm lena bhféadfar ábhair sonraí a aithint ar feadh tréimhse ama nach mbeidh níos faide ná an tréimhse atá riachtanach chun na gcríocha chuig a ndéanfar na sonraí pearsanta a phróiseáil[...];
- (f) próiseálfar iad ar bhealach a áiritheoidh go mbeidh cosaint leordhóthanach ag sonraí pearsanta agus ar bhealach a áiritheoidh rúndacht i gcás próiseáil sonraí.

Airteagal 26b

Sonraí pearsanta riaracháin

1. Tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 maidir leis na sonraí pearsanta riaracháin go léir atá i seilbh Eurojust.
2. Déanfaidh Eurojust na tréimhsí coinneála a chinneadh maidir le sonraí pearsanta riaracháin sna forálacha cosanta sonraí ina rialacha nós imeachta.

Airteagal 27

Sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil

1. A mhéid is gá chun a **chúraimí a fheidhmiú**, [...] ní fhéadfaidh Eurojust ach na sonraí pearsanta atá liostaithe i bpointe 1 d'Iarscríbhinn 2 a phróiseáil ar mhodhanna uathoibrithe nó i gcomhaid struchtúrtha de láimh i gcomhréir leis an Rialachán seo, faoi chuimsiú a inniúlachta agus d'fhonn a fheidhmeanna oibríochtúla a dhéanamh, maidir le daoine a bhfuil amhras ann fúthu **nó a cúisíodh** faoi **dhlí** [...] náisiúnta na mBallstát lena mbaineann, maidir le cion coiriúil a dhéanamh nó páirt a ghlacadh ann a bhfuil Eurojust inniúil ina leith, nó maidir le daoine a ciontaíodh as cion den sórt sin.

2. Ní fhéadfaidh Eurojust na sonraí pearsanta atá liostaithe i bpointe 2 d'Iarscríbhinn 2 a phróiseáil ach maidir le daoine a mheastar a bheith ina bhfinnéithe nó ina n-íospartach in imscrúdú nó in ionchúiseamh coiriúil, faoi **dhlí**[...] náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann, i ndáil le ceann amháin nó níos mó de na cineálacha coireachta agus na cionta dá dtagraítear in Airteagal 3, [...]Ní fhéadfar próiseáil ar shonraí pearsanta den sórt sin a dhéanamh ach amháin má tá [...] gá leis chun cúraimí [...] Eurojust a **chomhlíonadh**, faoi chuimsiú a inniúlachta agus d'fhonn a fheidhmeanna oibríochtúla a dhéanamh.
3. I gcásanna eisceachtúla, féadfaidh Eurojust sonraí pearsanta seachas na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a phróiseáil a bhaineann le cúinsí ciona, ar feadh tréimhse theoranta nach mbeidh níos faide ná an méid ama is gá chun an cás lena mbaineann na sonraí arna bpróiseáil a thabhairt i gcrích, má tá dlúthbhaint acu le himscrúduithe leanúnacha a bhfuil Eurojust ag déanamh comhordú orthu nó ag cabhrú le comhordú a dhéanamh orthu agus san áireamh sna himscrúduithe sin agus má tá [...] gá lena bpróiseáil chun na críocha atá sonraithe i mír 1. Cuirfear an tOifigeach Cosanta Sonraí dá dtagraítear in Airteagal 31 ar an eolas láithreach má théitear ar iontaoibh na míre seo agus maidir leis na cúinsí sonracha lena bhfuil bonn cirt maidir leis an ngá atá le sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil. I gcás ina dtagraítear d'fhinnéithe nó d'íospartaigh laistigh de bhrí mhír 2 i sonraí eile den sórt sin, is iad [...] na comhaltaí náisiúnta **ábhartha** a dhéanfaidh an cinneadh iad a phróiseáil i gcomhpháirtíocht.

4. Ní fhéadfaidh Eurojust sonraí **pearsanta** [...] **oibríochtúla**, arna bpróiseáil le modhanna uathoibrithe nó le modhanna eile, lena nochtar bunadh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creidimh reiligiúnacha nó fealsúnacha, ballraíocht ar cheardchumann agus **sonraí géiniteacha nó sonraí** a bhaineann le sláinte nó saol gnéis a phróiseáil ach amháin má tá dearbhghá le sonraí don sórt sin don imscrúdú náisiúnta lena mbaineann agus don chomhordú laistigh de Eurojust chomh maith agus má dhéanann siad sonraí pearsanta **oibríochtúla eile a bhaineann leis an duine céanna agus** a próiseáladh cheana féin a fhorlíonadh. Cuirfear an tOifigeach Cosanta Sonraí ar an eolas láithreach má théitear ar iontaoibh na míre seo **agus maidir leis na cúinsí sonracha as a n-eascróidh bonn cirt maidir leis an ngá a bheidh le sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil**. Ní dhéanfar sonraí den sórt sin a phróiseáil san Innéacs dá dtagraítear in Airteagal 24(4). I gcás ina dtagraítear d'fhinnéithe nó d'íospartaigh laistigh de bhrí mhír 3 i sonraí eile den sórt sin, is iad na **comhaltaí náisiúnta ábhartha** a dhéanfaidh an cinneadh iad a phróiseáil.
- 4a. **Ní bheidh aon chinneadh a mbeidh drochéifeachtaí dlí aige ar dhuine is ábhar do shonraí bunaithe go hiomlán ar uathphróiseáil sonraí dá dtagraítear i mír 4 .**
5. [...]

Airteagal 28

Teorainneacha ama maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a stóráil

1. Ní dhéanfaidh Eurojust **sonraí pearsanta oibríochtúla a bpróiseáil aige a stóráil ach le haghaidh na tréimhse ama a bheidh riachtanach chun na cúraimí a bheidh air a chur i gcrích. Go háirithe, gan dochar do mhír 3, ní fhéadfar na sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 27 a stóráil níos faide ná an chéad dáta is infheidhme i measc na ndátaí seo a leanas:**
 - (a) an dáta a mbeidh urchosc ar an ionchúiseamh faoi reacht na dtréimhsí i ngach ceann de na Ballstáit lena mbaineann an t-imscrúdú nó na hionchúisimh;
 - (b) an dáta **a gcuirfear in iúl do Eurojust** gur éigiontaíodh an duine agus a gur tháinig an cinneadh breithiúnach le bheith ina chinneadh críochnaitheach. **Nuair a thiocfaidh an cinneadh breithiúnach chun a bheith críochnaitheach, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann Eurojust ar an eolas gan mhoill;**
 - (c) trí bliana tar éis an dáta a raibh an cinneadh breithiúnach sa Bhallstát deireanach lena mbaineann an t-imscrúdú nó an t-ionchúiseamh ina chinneadh críochnaitheach;
 - (d) an dáta ar bhunaigh nó ar chomhaontaigh Eurojust agus na Ballstáit lena mbaineann go frithpháirteach nach raibh gá ann a thuilleadh go ndéanfaidh Eurojust comhordú ar an imscrúdú agus ar na hionchúisimh, ach amháin dá mbeadh oibleagáid ann an fhaisnéis seo a thabhairt do Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 21(5) nó (6).
 - (e) trí bliana tar éis an dáta a ndearnadh na sonraí a tharchur i gcomhréir le hAirteagal 21(4 [...]), nó (5 [...]).

2. Déanfar athbhreithniú leanúnach go bhfuiltear ag cloí leis na spriocamanna stórála dá dtagraítear [...] i mír **1** le próiseáil oiriúnach uathoibrithe, **go háirithe ón tráth a gcuirfidh Eurojust an cás a chur i gcrích**. Dá ainneoin sin, deanfar athbhreithniú ar an ngá atá leis na sonraí a stóráil gach trí bliana tar éis iad a iontráil; **bainfidh an t-athbhreithniú sin leis an gcás ina iomláine**. Má stóráiltear sonraí a bhaineann le daoine a bhfuil tagairt déanta dóibh in Airteagal 27(4) ar feadh tréimhse a sháraíonn cúig bliana, cuirfear an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar a eolas dá réir.
3. I gcás ina bhfuil ceann amháin de na spriocamanna stórála dá dtagraítear i [...] mír **1** [...] imithe in éag, déanfaidh Eurojust athbhreithniú ar an ngá atá leis na sonraí a stóráil níos faide ionas go mbeidh sé in ann a chuid cúraimí a fheidhmiú agus féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh ar bhonn maolaithe na sonraí a stóráil go dtí an chéad athbhreithniú eile ina dhiaidh sin. Ní mór bonn cirt a bheith leis na cúiseanna atá leis an stóráil leantach agus iad a thaifeadadh. Mura ndéantar aon chinneadh faoi stóráil leantach sonraí pearsanta, scriosfar na sonraí sin **láithreach**. [...] [...] [...]
4. I gcás ina ndearnadh sonraí a stóráil, i gcomhréir le mír 3, tar éis na dátaí dá dtagraítear i mír **1**, déanfaidh **an** Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí athbhreithniú ar an ngá atá leis na sonraí sin a stóráil gach trí bliana.
5. [...] [...] A luaithe a bheidh an spriocam maidir leis an mír dheiridh de na sonraí uathoibrithe ón gcomhad a stóráil imithe in éag, [...] scriosfar gach doiciméad sa chomhad, **ach amháin aon doiciméid bhunaidh a fuair Eurojust ó údaráis náisiúnta agus ar gá iad a thabhairt ar ais dá dtionscnóir**.

6. I gcás ina ndearna Eurojust imscrúdú nó ionchúisimh a chomhordú, cuirfidh na comhaltaí náisiúnta lena mbaineann **na comhaltaí náisiúnta eile lena mbaineann ar an eolas aon uair a gheobhaidh siad faisnéis go ndearnadh an cás a dhíbhe, nó gur tháinig gach cinneadh breithiúnach a bhaineann leis an gcás le bheith críochnaitheach.** [...] [...]

Airteagal 28a

Slándáil sonraí pearsanta oibríochtúla

1. **Maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil faoi chuimsiú an Rialacháin seo, déanfaidh Eurojust agus, a mhéid a bhaineann sé le sonraí a tharchur ó Eurojust, déanfaidh gach Ballstát sonraí pearsanta a chosaint ó mhilleadh tionóisceach nó ó mhilleadh neamhdhleathach, ó chaillteanas de thionóisc nó ó nochtadh neamhúdaraíthe, ó leasú neamhúdaraíthe agus ó rochtain neamhúdaraíthe nó ó aon fhoirm neamhúdaraíthe eile próiseála.**
2. **Déanfaidh Eurojust agus gach Ballstát bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme maidir le slándáil sonraí, go háirithe bearta atá ceaptha:**
 - (a) **chun rochtain ar threalamh próiseála sonraí a úsáidtear le haghaidh próiseála sonraí pearsanta (rialú rochtana ar threalamh) a obadh ar dhaoine neamhúdaraíthe;**
 - (b) **chun léamh, cóipeáil, athrú nó baint neamhdhleathach meán sonraí a chosc (rialú meán sonraí);**
 - (c) **chun cosc a chur le hionchur neamhúdaraíthe sonraí agus le cigireacht neamhúdaraíthe ar shonraí pearsanta stóráilte agus athrú nó scriosadh na sonraí (rialú stórála);**
 - (d) **chun cosc a chur le húsáid uathchóras próiseála sonraí ag daoine neamhúdaraíthe a úsáideann trealamh cumarsáide sonraí (rialú úsáideoirí);**

- (e) chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ag daoine a bheidh údaraithe chun córas próiseála sonraí a úsáid ach ar na sonraí a chlúdófar lena n-údarú rochtana (rialú rochtana sonraí);
- (f) chun a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shocrú cé hiad na comhlachtaí a ndéantar sonraí pearsanta a tharchur chucu nuair a tharchuirtear sonraí (rialú cumarsáide);
- (g) chun a áirithiú go mbeidh sé indéanta ina dhiaidh sin a fhíorú agus a shuíomh cad iad sonraí pearsanta a cuireadh sna huathchórais phróiseála agus cé a chuir isteach na sonraí sin agus cathain (rialú ionchuir);
- (h) chun cosc a chur ar léamh, ar chóipeáil, ar mhodhnú nó ar scríosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta le linn sonraí pearsanta a aistriú nó le linn meáin sonraí a aistriú (rialú meán sonraí);
- (i) chun a áirithiú go bhféadfar córais suiteáilte, i gcás cur isteach, a thabhairt ar ais láithreach (aisghabháil);
- (j) chun a áirithiú go go bhféadfaidh feidhmeanna an chórais oibriú gan locht, go ndéanfar tarlú lochtanna sna feidhmeanna a thuairisciú láithreach (iontaofacht) agus nach féidir sonraí stóráilte a thruailliú trí mhífheidhmeanna córais (sláine).

3. Saineoidh Eurojust agus na Ballstáit sásraí lena áirithiú go gcuirfear riachtanais slándála san áireamh ar fud teorainneacha córas faisnéise.

4. I gcás sárú slándála, a mbeidh baint aige le sonraí pearsanta, tabharfaidh Eurojust fógra gan aon mhoill mhíchúí agus, más féidir, tráth nach déanaí ná 24 uaire ón uair ab eol dó gurb ann don sárú, faoin sárú sin don Oifigeach Cosanta Sonraí, don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus do na Ballstáit a a ndearnadh difear dóibh.

Airteagal 29

Sonraí pearsanta oibríochtúla a logáil agus a dhoiciméadú

1. Chun críocha dlíthiúlacht na próiseála sonraí a fhíorú, féinfhaireacháin agus sláine agus slándáil cheart sonraí a áirithiú, coimeádfaidh Eurojust taifid ar aon bhailiú, athrú, rochtain, nochtadh, meascadh ná scriosadh i leith sonraí pearsanta **oibríochtúla** [...]. **Coimeádfaidh sé taifid freisin maidir le tarchur chuig tríú páirtithe.** Scriosfar logaí nó doiciméadacht den sórt sin tar éis 18 mhí, ach amháin má tá **siad** ag teastáil fós le haghaidh rialú leanúnach.
2. Cuirfear logaí nó doiciméadacht arna n-ullmhú faoi mhír 1 in iúl don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin. Ní úsáidfídh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí an fhaisnéis sin ach chun cosaint sonraí a rialú, próiseáil cheart sonraí a áirithiú agus chun críocha sláine agus slándála sonraí.

Airteagal 30

Rochtain údaráithe ar shonraí pearsanta oibríochtúla

Ní fhéadfaidh ach comhaltaí náisiúnta, a n-ionadaithe agus a gcúntóirí, daoine dá dtagraítear dóibh in Airteagal 20(2) sa mhéid go bhfuil siad nasctha leis an gCóras Bainistithe Cásanna agus baill foirne údaráithe Eurojust rochtain a bheith acu, chun críche cúraimí Eurojust a bhaint amach agus laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear in Airteagail 24, 25 agus 26, ar shonraí pearsanta **oibríochtúla** arna bpróiseáil ag Eurojust [...].

Airteagal 31

Oifigeach Cosanta Sonraí

1. Ceapfaidh an Bord Feidhmiúcháin Oifigeach Cosanta Sonraí [...] **a bheidh ina chomhalta den fhoireann a cheapfar go sonrach chun na críche sin. I gcomhlíonadh a dhualgas, gníomhóidh sé neamhspleách agus ní fhéadfaidh sé treoracha a fháil.**

- 1a. **Roghnófar an tOifigeach Cosanta Sonraí ar bhonn a cháilíochtaí pearsanta agus gairmiúla, agus go háirithe saineolas ar chosaint sonraí.**
- 1b. **Ceapfar an tOifigeach Cosanta Sonraí ar feadh tréimhse ceithre bliana. Beidh sé incháilithe lena athcheapadh suas go tréimhse iomlán uasta ocht mbliana. Ní fhéadfaidh an Bord Feidhmiúcháin é a bhriseadh as an bpost mar Oifigeach Cosanta Sonraí ach le cead ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, mura gcomhlíonfaidh sé na coinníollacha a theastaíonn chun a dhualgais a chomhlíonadh a thuilleadh.**
2. **[...] Beidh na cúraimí seo a leanas go háirithe ag an Oifigeach Cosanta Sonraí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil:**
- (aa) **a áirithiú go gcomhlíonfaidh Eurojust forálacha cosanta sonraí an Rialacháin seo, Rialachán 45/2001, agus na forálacha ábhartha maidir le cosaint sonraí i rialacha nós imeachta Eurojust;**
- (a) **a áirithiú go ndéanfar taifead faoi aistriú agus faoi fháil sonraí pearsanta a choimeád i gcomhréir leis na forálacha a leagfar síos i rialacha nós imeachta Eurojust;**
- (b) **comhoibriú le baill foirne Eurojust a bheidh freagrach as nósanna imeachta, oiliúint agus comhairle faoi phróiseáil sonraí agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí;**
- (bb) **a áirithiú go gcuirfear daoine is ábhar do na sonraí ar a n-eolas faoina gcuid ceart faoin Rialachán seo arna iarraidh sin dóibh;**
- (c) **tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus an tuarascáil sin a chur chuig an gColáiste agus chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.**
3. **Agus é i mbun a chuid cúraimí, beidh rochtain ag an Oifigeach Cosanta Sonraí ar na sonraí uile arna bpróiseáil ag Eurojust agus ar áitribh uile Eurojust.**

4. Beidh rochtain ag baill foirne Eurojust a thugann cúnamh don Oifigeach Cosanta Sonraí agus é i mbun a chuid dualgas ar na sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag Eurojust agus ar áitribh Eurojust a mhéid is gá chun a gcuid cúraimí a chomhlíonadh.
5. Má mheasann an tOifigeach Cosanta Sonraí nár comhlíonadh forálacha Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 [...] **maidir le próiseáil sonraí riaracháin nó forálacha an Rialacháin seo** maidir le próiseáil sonraí pearsanta **oibríochtúla**, cuirfidh sé an Stiúrthóir Riaracháin ar an eolas faoi, ag éileamh air nó uirthi an neamhchomhlíonadh a chur i gceart laistigh de thréimhse shonraithe. Mura gcuireann an Stiúrthóir Riaracháin [...] neamhchomhlíonadh na próiseála i gceart laistigh den tréimhse shonraithe, **cuirfidh an tOifigeach Cosanta Sonraí an t-ábhar faoi bhráid an Choláiste** [...] agus tiocfaidh sé ar chomhaontú leis an gColáiste maidir le tréimhse shonraithe chun freagra a thabhairt. **Mura gcuirfidh an Coláiste neamhchomhlíonadh na próiseála i gceart laistigh den tréimhse shonraithe, cuirfidh an tOifigeach Cosanta Sonraí an t-ábhar faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.**
6. [...]

Airteagal 32

Modheolaíochtaí maidir leis an gceart rochtana ar shonraí pearsanta oibríochtúla a fheidhmiú

- 1.bis **Beidh aon duine is ábhar do na sonraí i dteideal rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta a bhaineann leis arna bpróiseáil ag Eurojust faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.**
1. Féadfaidh aon duine is ábhar do na sonraí ar mian leis an ceart chun rochtana ar shonraí pearsanta **oibríochtúla a bhaineann leis arna bpróiseáil ag Eurojust** a fheidhmiú iarratas a dhéanamh chuige sin, **ag idirthréimhsí réasúnta**, saor in aisce [...] don údarás **náisiúnta maoirseachta** i mBallstát dá rogha féin. Déanfaidh an t-údarás sin an t-iarratas sin a chur faoi bhráid Eurojust laistigh d'aon mhí amháin óna fháil.
2. Tabharfaidh Eurojust freagra gan moill mhíchuí ar an iarratas agus in aon chás laistigh de thrí mhí ón uair a gheobhaidh Eurojust é.

2a Féadfar rochtain ar shonraí pearsanta oibríochtúla a dhiúltú nó a shrianadh [...] más beart riachtanach é an diúltú nó an srianadh sin:

- (a) chun a chur ar chumas Eurojust a chúraimí a chomhlíonadh i gceart;**
- (b) chun a ráthú nach gcuirfear aon imscrúdú nó aon ionchúiseamh náisiúnta i gcontúirt;**
- (c) chun cearta agus saoirse daoine eile a chosaint.**

Cuirfear leas an duine is ábhar do na sonraí lena mbaineann san áireamh agus infheidhmeacht díolúine á meas.

3. Rachadh Eurojust i gcomhairle le húdaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann maidir le cinneadh atá le déanamh. Beidh cinneadh faoi rochtain ar shonraí ag brath ar dhlúthchomhar idir Eurojust agus na Ballstáit a bhfuil baint dhíreach acu maidir leis na sonraí sin a chur in iúl. In aon chás ina gcuireann Ballstát i gcoinne fhreagra beartaithe Eurojust, tabharfaidh sé fógra do Eurojust faoi na cúiseanna lena chur i gcoinne. **Cloífidh Eurojust leis an agóid sin. Ina dhiaidh sin, cuirfear fógra chuig na húdaráis inniúla faoi inneachar an chinnidh ó Eurojust trí na comhaltaí náisiúnta lena mbaineann.**

4. [...]

5. [...]

6. Déileálfaidh na comhaltaí náisiúnta lena mbaineann an iarraidh léi agus tiocfaidh siad ar chinneadh thar ceann Eurojust. [...] I gcás nach mbeidh na comhaltaí ar aon tuairim, cuirfidh siad an t-ábhar faoi bhráid an Cholaíste, a dhéanfaidh a chinneadh ar an iarraidh le tromlach dhá thrian.
- 6a **Cuirfidh Eurojust an duine is ábhar do na sonraí ar a eolas i scríbhinn faoi dhiúltú do rochtain nó srian uirthi, faoi na fáthanna leis an gcinneadh sin agus faoina cheart chun gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. I gcás ina ndiúltófar rochtain nó nach mbeidh aon sonraí pearsanta a bhaineann leis an iarratasóir á bpróiseáil ag Eurojust, cuirfidh Eurojust in iúl don iarratasóir go bhfuil na seiceálacha déanta aige gan aon fhaisnéis a thabhairt a d'fhéadfadh a thabhairt le fios cé acu an bhfuil an t-iarratasóir aitheanta nó nach bhfuil.**
7. [...]

Airteagal 33

Ceartú, scríosadh agus srianadh sonraí pearsanta oibríochtúla

- 1a **Beidh sé de cheart ag aon duine is ábhar do na sonraí, tar éis dó rochtain a fháil ar shonraí pearsanta oibríochtúil a bhaineann leis arna bpróiseáil ag Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 32 den Rialachán seo, a iarraidh ar Eurojust sonraí pearsanta oibríochtúla a bhaineann leis a cheartú má tá siad mícheart nó neamhiomlán nó má dhéanann a n-ionchur nó a stóráil an Rialachán seo a shárú agus, i gcás inar féidir agus ina mbeidh sé riachtanach, iad a chomhlánú nó a nuashonrú.**
- 1b **Beidh sé de cheart ag aon duine is ábhar do na sonraí, tar éis dó rochtain a fháil ar shonraí pearsanta oibríochtúil a bhaineann leis arna bpróiseáil ag Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 32 den Rialachán seo, a iarraidh ar Eurojust sonraí pearsanta oibríochtúla a bhaineann leis a bheidh *seilbh Eurojust* a scríosadh, mura mbeidh siad ag teastáil a thuilleadh do na críocha chuig a ndearnadh iad a bhailiú go dlisteanach nó chuig a ndearnadh tuilleadh próiseála dlisteanáil orthu.**

- 1c Déanfar sonraí pearsanta oibríochtúla a bhac seachas iad a scríosadh má tá cúiseanna réasúnta le creidiúint go bhféadfadh scríosadh difear a dhéanamh do leas dlísteanach an duine is ábhar do na sonraí. Ní dhéanfar sonraí bactha a phróiseáil chun na críche ar cuireadh cosc ar a scríosadh mar gheall uirthi.**
1. I gcás inar sholáthar tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta **nó comhlachtaí de chuid an Aontais** na sonraí pearsanta atá le ceartú, le scríosadh nó nach mór bac a chur orthu [...] do Eurojust, déanfaidh Eurojust próiseáil na sonraí sin a cheartú, a scríosadh nó [...] **bac** a chur orthu.
 2. Más amhlaidh gur chuir na Ballstáit na sonraí pearsanta ar fáil do Eurojust go díreach, ar sonraí iad is gá a cheartú nó a léirscríos nó srian a chur lena bpróiseáil [...], is é Eurojust a cheartóidh nó a scríosfaidh na sonraí sin, nó a chuirfidh [...] **bac** le próiseáil na sonraí sin, i gcomhar leis na Ballstáit.
 3. Más rud é gur tarchuireadh sonraí míchearta trí mheán modha oiriúnaigh eile nó gur tharla na hearráidí sna sonraí arna soláthar ag na Ballstáit mar thoradh ar tharchur lochtach nó gur tarchuireadh iad de shárú ar an Rialachán seo nó má tá siad ann toisc gur iontráil Eurojust iad, go ndeachaidh Eurojust i gceannas orthu nó gur stóráil Eurojust iad ar bhealach mícheart nó de shárú ar an Rialachán seo, ceartóidh nó léirscríosfaidh Eurojust na sonraí i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann.
 4. [...]

5. Cuirfidh Eurojust an té is ábhar do na sonraí ar an eolas i scríbhinn gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de thrí mhí tar éis an iarraidh a fháil go ndéanfaí na sonraí a bhaineann leis an té sin a cheartú, a léirscrios nó [...] go gcuirfí **bac** lena bpróiseáil.
6. Cuirfidh Eurojust an té is ábhar do na sonraí ar an eolas i scríbhinn faoi aon diúltú do cheartúchán, léirscrios nó srianta leis an bpróiseáil, agus gur féidir gearán a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí agus leigheas breithiúnach a lorg.
- 6a Arna iarraidh sin d'údaráis inniúla náisiúnta Bhallstáit, do chomhalta náisiúnta nó do chomhfhreagraí náisiúnta, más ann, agus faoina bhfreagracht, ceartóidh nó scriosfaidh Eurojust na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil ag Eurojust, ar sonraí iad a tharchuir an Ballstát sin nó a chuir sé isteach, a chomhalta náisiúnta nó a chomhfhreagraí náisiúnta.**
- 6b Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, tabharfar fógra láithreach do sholáthraithe agus do sheolaithe uile na sonraí sin. I gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir leo, déanfaidh na seolaithe próiseáil na sonraí sin a cheartú nó a scrios, nó cuirfidh siad bac ar an bpróiseáil sin, ina gcuid córas féin.**

Airteagal 34

Freagracht maidir le hábhair cosanta sonraí

1. Déanfaidh Eurojust sonraí pearsanta **oibríochtúla** a phróiseáil ar bhealach lena mbeifear in ann an t-údarás a sholáthair na sonraí nó an áit óna bhfuarthas na sonraí [...] a bhunú.
2. Is é an Ballstát a chuir na sonraí pearsanta **oibríochtúla** ar fáil do Eurojust a bheidh freagrach as cáilíocht sonraí [...] agus is é Eurojust a bheidh freagrach as sonraí pearsanta **oibríochtúla** arna gcur ar fáil ag comhlachtaí AE, tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus as sonraí pearsanta **oibríochtúla** arna bhfáil ag Eurojust ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí.
3. Is é Eurojust a bheidh freagrach as comhlíonadh Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus comhlíonadh an Rialacháin seo. Is é an Ballstát a chuireann na sonraí pearsanta **oibríochtúla** ar fáil a bheidh freagrach as dlíthiúlacht aistriú na sonraí [...] arna gcur ar fáil ag na Ballstáit do Eurojust, agus is é Eurojust a bheidh freagrach as sin maidir leis na sonraí pearsanta **oibríochtúla** arna gcur ar fáil ag Eurojust do na Ballstáit, do chomhlachtaí an AE, agus do thríú tíortha nó eagraíochtaí.

4. Faoi réir forálacha eile sa Rialachán seo, beidh Eurojust freagrach as na sonraí uile arna bpróiseáil aige.

Airteagal 34a

Maoirseacht ag an údarás náisiúnta maoirseachta

Coinneoidh na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas faoi aon ghníomhartha a ghlacfaidh siad maidir leis an aistriú, leis an aisghabháil, nó le haon sonraí pearsanta oibríochtúla eile a bheidh á gcur in iúl faoin Rialachán seo ag na Ballstáit do Eurojust.

Airteagal 34b

Maoirseacht ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

1. **Beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo i ndáil le cosaint cearta agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag Eurojust agus as áirithiú go gcuirfear na forálacha sin i bhfeidhm, agus as comhairle a chur ar Eurojust agus ar dhaoine is ábhar do na sonraí maidir le gach ábhar a bhaineann le próiseáil pearsanta oibríochtúla. Chuige sin, comhlíonfaidh sé na dualgais a leagtar amach dó i mír 2 agus cleachtfaidh sé na cumhachtaí a thugtar i mír 3, agus comhoibreoidh sé leis na húdaráis náisiúnta maoirseachta i gcomhréir le hAirteagal 35.**
2. **Faoin Rialachán seo beidh na dualgais seo a leanas ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí:**
 - (a) **éisteacht le gearáin, agus an duine is ábhar do na sonraí a chur ar a n-eolas faoin toradh laistigh de thréimhse ama réasúnta;**
 - (b) **imscrúduithe a dhéanamh as a stuaim féin nó ar bhonn gearáin agus na daoine is ábhar do na sonraí a chur ar n-eolas laistigh de thréimhse ama réasúnta;**

- (c) faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm fhorálacha an Rialacháin seo a bhaineann le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla ag Eurojust agus an cur i bhfeidhm sin a áirithiú;
- (d) comhairle a chur ar Eurojust, as a stuaim féin nó mar fhreagra ar chomhairliúchán, ar gach ábhar a bhaineann le sonraí pearsanta oibríochtúla, go háirithe sula gceapfaidh sé rialacha inmheánacha i ndáil le cosaint saoirsí agus cearta bunúsacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla;

3.²⁸ Féadfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí, faoin Rialachán seo, agus na himpleachtaí ó thaobh imscrúduithe agus ionchúisimh do na Ballstáit á gcur san áireamh:

- (a) comhairle a chur ar dhaoine is ábhar do na sonraí agus a gcuid ceart á bhfeidhmiú acu;
- (b) an t-ábhar a chur faoi bhráid Eurojust, i gcás sárú líomhanta ar na forálacha lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta, agus, i gcás inarb iomchuí, moltaí a dhéanamh chun an sárú sin a mheas agus cosaint daoine is ábhar do na sonraí a fheabhsú;
- (c) a ordú go gcloífi le hiarratais chun cearta áirithe maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla a fheidhmiú i gcá inar diúltaíodh d'iarratais den sórt sin de shárú ar Airteagal 39 agus Airteagal 40;
- (d) rabhadh a thabhairt do Eurojust;
- (e) a ordú go ndéanfaidh Eurojust sonraí pearsanta oibríochtúla a cheartú, a bhacadh, a scriosadh nó a mhilleadh, ar sonraí iad a rinne Eurojust a phróiseáil de shárú ar na forálacha lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta oibríochtúla agus fógra a thabhaairt faoi na gníomhartha sin do thríú páirtithe ar nochtadh na sonraí sin dóibh;

²⁸ Tá forchoimeádas grinnscrúdaithe ag COIM maidir le scriosadh an pointe '**bac sealadach nó críochnaitheach a chur ar phróiseáil oibríochtaí sonracha ag Eurojust de shárú ar na forálacha lena rialaítear próiseáil sonraí pearsanta**' a chur san áireamh sa téacs athbhreithnithe go foirmiúil.

- (g) an t-ábhar a chur faoi bhráid Eurojust agus, más gá, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiún;**
- (h) an t-ábhar a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa Chonradh;**
- (i) Idirghabháil a dhéanamh i gcaingne a thabharfar os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.**

4. Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí:

- (a) rochtain a fháil ó Eurojust ar na sonraí pearsanta oibríochtúla go léir agus an bhfaisnéis go léir a bheidh riachtanach dá fhiosrúcháin;**
- (b) rochtain a fháil ar aon áitribh a ndéanann Eurojust a chuid gníomhaíochtaí orthu i gcás ina mbeidh cúiseanna réasúnta le ceapadh go bhfuil gníomhaíocht a chlúdaítear leis an Rialachán seo á déanamh ann.**

5. Déanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí maoirseachta ar Eurojust a tharraingt suas. Iarrfar ar na húdaráis náisiúnta maoirseachta a gcuid barúlacha a chur in iúl maidir leis an tuarascáil seo, sula ndéanfar di cuid de thuarascáil bhliantúil an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí dá dtagraítear in Airteagal 48 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001. Cuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí na barúlacha a dhéanfaidh na húdaráis náisiúnta maoirseachta san áireamh ina n-iomláine agus, in aon chás, déanfaidh sé tagairt dóibh sa tuarascáil bhliantúil.

**Comhar idir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na húdaráis náisiúnta
um chosaint sonraí**

1. Gníomhóidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta **maoirseachta** [...] i ndáil le saincheistanna [...] a bhfuil rannpháirtíocht náisiúnta de dhíth orthu, go háirithe má fhaigheann an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí nó údarás náisiúnta **maoirseachta** [...] neamhréitigh mhóra idir chleachtais na mBallstát nó aistrithe a d'fhéadfadh a bheith neamhdhleathach ina mbaintear úsáid as cainéil chumarsáide Eurojust, nó i bhfianaise ceisteanna arna gcur ag údarás náisiúnta maoirseachta amháin nó níos mó maidir le cur chun feidhme agus léirmhíniú an Rialacháin seo.

²⁹ Forchoimeádas ag COIM maidir le hAirteagal 35 Tá COIM den tuairim go mbeadh sé úsáideach dá mbeadh dlúthchomhar idir na Ballstáit agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus ba cheart go bhforálfaí dó sin i Rialachán Eurojust. I ndáil leis an méid sin, bheadh an Bord Comhordúcháin ina ardán iomchuí chun plé a chur ar bun idir saineolaithe agus faisnéis a mhalartú. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé a bheith ina fhoinsé comhairle don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. D'fhéadfadh feidhm mar sin bheith ag teacht salach ar an bhfeidhm a bheidh ag an mBord Eorpach um chosaint sonraí a bheidh ann amach anseo dá bhforáiltear faoi na tograí maidir leis an athchóiriú ar chosaint sonraí, lena chuimsítear freisin na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, agus go gcruthófaí illroinnt agus mearbhall, dá bhrí sin, maidir le freagrachtaí an dá chomhlachta sin. Thairis sin, d'fhéadfadh na hoibleagáidí carnacha éagsúla atá ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí cur isteach ar na hinniúlachtaí atá aige agus d'fhéadfaí an bonn a bhaint dá neamhspleáchas dá bharr.

2. **Déanfaidh an Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, saineolas agus taithí na n-údarás náisiúnta maoirseachta a úsáid agus a dhualgais á gcur i gcrích. Agus comhchigireachtaí á ndéanamh acu i dteannta an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí, agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal na coimhdeachta agus na comhréireachta, beidh cumhachtaí coibhéiseacha ag comhaltaí agus foireann na n-údarás náisiúnta maoirseachta, mar a leagtar síos in Airteagal 34b(4) iad agus beidh siad faoi cheangal oibleagáid choibhéiseach mar a leagtar síos in Airteagal 59 í. [...]** Féadfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na húdaráis náisiúnta atá inniúil ar mhaoirseacht ar chosaint sonraí, agus ceachtar acu ag feidhmiú laistigh de raon feidhme a gcuid inniúlachtaí faoi seach, faisnéis ábhartha a mhalartú [...] agus cabhrú lena chéile chun iniúchtaí agus cigireachtaí[...] a dhéanamh
- 2a. **Coimeádfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí údaráis náisiúnta maoirseachta ar an eolas go hiomlán faoi gach ceist a bhaineann leo. Arna iarraidh sin do cheann amháinnó níos mó de na húdaráis náisiúnta maoirseachta , cuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí iad ar eolas faoi cheisteanna sonracha.**
- 2b. **I gcásanna a bhaineann le sonraí a thiocfaidh ó Bhallstát amháin nó ó roinnt Ballstát, rachaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhairle leis na húdaráis náisiúnta maoirseachta lena mbaineann. Ní dhéanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí beart breise sula gcuirfidh na húdaráis náisiúnta maoirseachta sin a seasamh in iúl don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, laistigh den sprioc ama a shonróidh sé agus nach mbeidh níos giorra ná mí amháin ná níos faide ná trí mhí. Cuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí seasamh na n-údarás náisiúnta maoirseachta lena mbaineann san áireamh go hiomlán. I gcásanna nach mbeidhsé ar intinn ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a seasamh a leanúint, cuirfidh sé é sin in iúl dóibh, [...] tabharfaidh séi údar cuí leis agus tarchuirfidh sé an t-ábhar chuig an mBord um Chomhar dá dtagraítear i mír 3.**

I gcásanna a mheasfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a bheith práinneach, féadfaidh sé cinneadh a dhéanamh beart a dhéanamh láithreach bonn. I gcásanna mar sin, cuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ina húdaráis náisiúnta maoirseachta lena mbaineann ar an eolas láithreach agus tabharfaidh sé bonn cirt maidir le práinn na staide agus maidir leis an mbeart atá déanta aige.

3. Reáchtálfaidh na hÚdaráis Náisiúnta Maoirseachta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí cruinnithe chun na críocha atá leagtha síos san Airteagal seo, nuair is gá sin agus ar a laghad dhá uair in aghaidh na bliana ar **Bhord um Chomhar a bhunaítear leis seo**. Is ar chuntas an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí a bheidh costais agus reáchtáil na gcruinnithe sin. Glacfar rialacha nós imeachta **an Bhoird um Chomhar** ag an gcéad chruinniú, trí **thromlach simplí**. Déanfar modhanna oibre eile a fhorbairt i gcomhpháirtíocht, de réir mar is gá.
4. **Ar an mBord um Chomhar, beidh ionadaí ó údarás náisiúnta maoirseachta ó gach Ballstát agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.**
5. **Feidhmeoidh an Bord um Chomhar go neamhspleách agus a gcuid cúraimí á gcur i gcrích aige de bhun mhír 6 agus ní lorgóidh sé treoracha ó aon duine eile agus ní ghlacfaidh sé le treoracha ó aon duine eile.**
- 5a **Scrúdóidh an Bord um Chomhar cásanna a chuirfidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faoina bhráid i gcomhréir le mír 2b agus féadfaidh sé a iarraidh ar an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a sheasamh a athmheasúnú más iomchuí. Glacfaidh an Bord um Chomhar cinntí den sórt sin trí thromlach dhá thrían dá chomhaltaí.**
6. **Beidh na cúraimí seo a leanas ag an mBord um Chomhar:**
 - (a) **beartas agus straitéis go ginearálta a phlé maidir le maoirseacht Eurojust ar chosaint sonraí chun socrú an bhfuil aistriú, aisghabháil agus aon chur in iúl sonraí pearsanta chuig Eurojust ag na Ballstáit atá i gceist incheadaithe;**

- (b) breathnú ar na deacrachtaí a bhaineann le léiriú nó cur i bhfeidhm an Rialacháin seo;
- (c) staidéar a dhéanamh ar fhadhbanna ginearálta a bhaineann le feidhmiú na maoirseachta neamhspleáiche nó feidhmiú na gceart do na daoine is ábhair do na sonraí;
- (d) tograí comhchuibhithe a phlé agus a dhréachtú maidir le réitigh chomhpháirteacha i ndáil le hábhair dá dtagraítear i mír 1;
- (e) cásanna thíolacfaidh aon údarás náisiúnta maoirseachta ; agus
- (f) feasacht maidir le cearta um chosaint sonraí a chur chun cinn.

7. Déanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí agus na húdaráis náisiúnta maoirseachta, agus ceachtar acu ag feidhmiú laistigh de raon feidhme a gcuid inniúlachtaí faoi seach, a seacht ndícheall chun na tuairimí, na treoirlínte, na moltaí agus na dea-chleachtais a chomhaontóidh an Bord um Chomhar a chur san áireamh.

Airteagal 36

An ceart chun gearán a chur faoi bhráid an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí **i ndáil le sonraí pearsanta oibríochtúla**

- 1.bis** Beidh sé de cheart ag aon duine is ábhar do na sonraí gearán a dhéanamh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí má mheasann sé nach bhfuil forálacha an Rialacháin seo á gcomhlíonadh agus Eurojust ag próiseáil a chuid sonraí pearsanta oibríochtúla.
1. I gcás ina mbaineann gearán arna dhéanamh ag duine is ábhar do shonraí le cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 32 nó Airteagal 33, rachaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhairle leis na **húdaráis [...]** náisiúnta maoirseachta nó leis an gcomhlacht breithiúnach inniúil sa Bhallstát arbh é foinse na sonraí é nó leis an mBallstát lena mbaineann go díreach. Cuirfidh cinneadh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí tuairim an **údaráis [...]** náisiúnta maoirseachta nó an chomhlachta bhreithiúnaigh inniúil san áireamh agus féadfar a bheith dá thoradh go ndiúltófar faisnéis ar bith a chur in iúl.

2. I gcás ina mbaineann gearán le próiseáil sonraí arna gcur ar fáil ag Ballstát do Eurojust, áiríteoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go bhfuil na seiceálacha is gá déanta i gceart agus i ndlúthchomhar le **húdarás** [...] náisiúnta maoirseachta an Bhallstáit a bhfuil na sonraí curtha ar fáil aige.
3. I gcás ina mbaineann gearán le próiseáil sonraí arna gcur ar fáil ag comhlachtaí an Aontais, ag tríú tíortha, ag eagraíochtaí nó ag páirtithe príobháideacha do Eurojust, áiríteoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go mbeidh na seiceálacha is gá déanta ag Eurojust.

Airteagal 36a

An ceart chun athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh i gcoinne an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí

Tógfar caingne i gcoinne chinntí an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir le sonraí pearsanta oibríochtúla os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 37

Dliteanas i leith próiseála neamhúdaraíthe nó míchirte sonraí

1. Beidh Eurojust faoi dhliteanas, i gcomhréir le hAirteagal 340 den Chonradh, i leith aon damáiste arna dhéanamh do dhuine aonair a eascraíonn as próiseáil neamhúdaraíthe nó mhícheart sonraí arna déanamh aige.
2. Éistfidh an Chúirt Bhreithiúnais gearáin i gcoinne Eurojust de bhun an dliteanais dá dtagraítear i mír 1, i gcomhréir le hAirteagal 268 den Chonradh.
3. Beidh gach Ballstát faoi dhliteanas, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, i leith aon damáiste arna dhéanamh do dhuine aonair a eascraíonn as próiseáil neamhúdaraíthe nó mhícheart atá déanta aige ar shonraí a chuir sé ar fáil do Eurojust.

CAIBIDIL V CAIDREAMH LE COMHPHÁIRTITHE

ROINN I *FORÁLACHA COITEANNA*

Airteagal 38

Forálacha coiteanna

2. Féadfaidh Eurojust, a mhéid is gá chun a chuid cúraimí a dhéanamh, caidreamh comhair a bhunú agus a choinneáil le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais i gcomhréir le cuspóirí na gcomhlachtaí nó na ngníomhaireachtaí sin, le húdaráis inniúla tríú tíortha **agus** le heagraíochtaí idirnáisiúnta. [...]
3. A mhéid atá ábhartha maidir lena chuid cúraimí a dhéanamh agus faoi réir aon sriain arna shonrú de bhun Airteagal 21(8) **agus Airteagal 62**, féadfaidh Eurojust aon fhaisnéis, seachas sonraí pearsanta, a mhalartú go díreach leis na heintitis dá dtagraítear i mír 1.
- 2a. **Chun na gcríoch a leagtar amach i mír 1 agus i mír 2, féadfaidh Eurojust socruithe oibre le heintitis dá dtagraítear i mír 1 a chur i gcrích. Ní bheidh na socruithe oibre sin ina mbunús chun malartú sonraí pearsanta a cheadú agus ní bheidh siad ina gceangal ar an Aontas ná ar na Ballstáit.**
3. Féadfaidh Eurojust [...] sonraí pearsanta a fháil agus a phróiseáil a fhaightear ó eintitis dá dtagraítear i mír 1 oiread agus is gá chun a chúraimí a fheidhmiú agus faoi réir na bhforálacha i Roinn IV.

4. Ní dhéanfaidh Eurojust sonraí pearsanta a aistriú chuig **comhlachtaí an Aontais**, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta [...] ach amháin más gá sin [...] **chun a chúraimí a chur i gcrích, agus déanfar é i gcomhréir le hAirteagal 44 agus 45**. Má tá na sonraí atá le haistriú curtha ar fáil ag Ballstát, iarrfaidh Eurojust [...] **toiliú an údaráis inniúil ábhartha sa Bhallstát**, ach amháin más amhlaidh an méid a leanas [...]

(a) [...]

[...] má tá údarú roimh ré tugtha ag an mBallstát d'aistriú ar aghaidh den sórt sin, i dtéarmaí ginearálta nó faoi réir coinníollacha sonracha. Féadfar toiliú den sórt sin a tharraingt siar uair ar bith.

5. Sonraí pearsanta atá faighte ag Eurojust ó na Ballstáit, ó chomhlachtaí nó gníomhaireachtaí an Aontais, ó thríú tíortha, **nó** [...] ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, [...] beidh toirmeasc ar a n-aistriú ar aghaidh chuig tríú páirtithe ach amháin **má tá réamhthoiliú faighte ag Eurojust ón mBallstát a chuir na sonraí ar fáil agus** má thoilíonn Eurojust go sainráite é sin a dhéanamh tar éis cúinsí an cháis atá idir lámha a mheas, chun críche cuspóra shonraigh nach bhfuil ar neamhréir leis an gcuspóir lenar tarchuireadh na sonraí.

ROINN II
CAIDREAMH LE COMHPHÁIRTITHE

Airteagal 39

Comhar leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach agus le líonraí eile de chuid an Aontais
Eorpaigh atá rannpháirteach i gcomhar maidir le hábhair choiriúla

1. Beidh caidreamh pribhléideach idir Eurojust agus an Gréasán Breithiúnach Eorpach maidir le hábhair choiriúla, ar bhonn comhairliúcháin agus comhlántachta, go háirithe idir an comhalta náisiúnta, pointí teagmhála an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh sa Bhallstát céanna agus na comhfhreagrachtaí náisiúnta do Eurojust agus don Ghréasán Breithiúnach Eorpach. Chun a áirithiú go mbeidh comhar éifeachtúil ann, déanfar na bearta seo a leanas:
 - (a) cuirfidh na comhaltaí náisiúnta, de réir an cháis, pointí teagmhála an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh ar an eolas faoi na cásanna uile a measann siad ina leith gurb é an Gréasán is fearr a bheadh in ann iad a láimhseáil;
 - (b) beidh rúnaíocht an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh ina cuid d'fhoireann Eurojust. Feidhmeoidh sí mar aonad ar leithligh. Féadfaidh sí úsáid a bhaint as acmhainní riaracháin Eurojust ar gá iad chun cúraimí an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh a dhéanamh, lena n-áirítear costais chruinnithe iomlánacha an Ghréasáin a chumhdach;
 - (c) Féadfar cuireadh a thabhairt do phointí teagmhála de chuid an Ghréasáin Bhreithiúnaigh Eorpaigh de réir an cháis freastal ar chruinnithe Eurojust;
 - (d) Féadfaidh Eurojust agus an Gréasán Breithiúnach Eorpach úsáid a bhaint as **ENCS nuair a chinnfidh siad ar cheart iarratas a láimhseáil le cúnamh ó Eurojust nó ón nGréasán Breithiúnach Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 20(5)(b)**

2. Beidh Rúnaíocht an Líonra um Chomhfhoirne Imscrúdaithe agus an líonra arna bhunú ag Cinneadh 2002/494/CGB ina gcuid d'fhoireann Eurojust. Feidhmeoidh na rúnaíochtaí sin mar aonaid ar leithligh. Féadfaidh siad úsáid a bhaint as acmhainní riaracháin Eurojust ar gá iad chun a gcúraimí a dhéanamh. Is é Eurojust a áiritheoidh an comhordú idir na rúnaíochtaí. Beidh feidhm ag an mír seo ar rúnaíocht aon líonra nua a bhunófar le cinneadh ón gComhairle i gcás ina bhforáiltear sa chinneadh sin gurb é Eurojust a sholáthróidh an rúnaíocht sin.
3. Féadfaidh an líonra a bhunófar le Cinneadh 2008/852/CGB a iarraidh go soláthróidh Eurojust rúnaíocht don líonra sin. Má iarrtar sin, beidh feidhm ag mír 2.

Airteagal 40

Caidreamh le Europol

1. Déanfaidh Eurojust na bearta uile is cuí chun a chur ar chumas Europol, laistigh dá shainordú, rochtain **indíreach** a bheith aige, ar bhonn córais braite/neamhbhraite, ar fhaisnéis arna soláthar ag Eurojust, gan dochar d'aon srianta arna sonrú ag na Ballstáit, ag comhlachtaí de chuid an Aontais, ag tríú tíortha [...] **agus** ag eagraíochtaí idirnáisiúnta [...]. I gcás braite, tionscnóidh Eurojust an nós imeachta trína bhféadfar an fhaisnéis a chruthaigh an 'brath' a roinnt, i gcomhréir leis an gcinneadh [...] **ó sholáthraí na faisnéise do Eurojust.**
2. Ní dhéanfar cuardaigh faisnéise i gcomhréir le mír 1 ach chun a fhionnadh an bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil ag [...] **Europol**, agus an fhaisnéis arna próiseáil ag [...] **Eurojust** ag teacht lena chéile.
3. Ní cheadóidh Eurojust cuardaigh i gcomhréir le mír 1 ach tar éis faisnéis a fháil ó Europol ar cé na baill foirne a ainmníodh ina mbaill a bhfuil sé d'údarás acu na cuardaigh sin a dhéanamh.

4. Más rud é, le linn ghníomhaíochtaí próiseála faisnéise Eurojust i dtaobh imscrúdaithe aonair, go n-aithníonn Eurojust nó Ballstát go bhfuil gá le comhordú, le comhar nó le tacaíocht i gcomhréir le sainordú Europol, tabharfaidh Eurojust fógra ina leith sin dóibh agus tionscnóidh sé an nós imeachta le haghaidh an fhaisnéis a roinnt, i gcomhréir le cinneadh an Bhallstáit atá ag soláthar na faisnéise. Sa chás sin rachaidh Eurojust i gcomhairle le Europol.
5. Urramóidh Europol aon srian le rochtain nó le húsáid, i dtéarmaí ginearálta nó sonracha, arna shonrú ag na Ballstáit, ag na comhaltaí nó ag na gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, ag na tríú tíortha **nó** ag na heagraíochtaí idirnáisiúnta. [...]

Airteagal 41

Caidreamh le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

- [1. Cuirfidh agus coinneoidh Eurojust caidreamh speisialta ar bun le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a bheidh bunaithe ar dhlúthchomhar agus ar naisc fheidhmiúla, naisc riaracháin agus naisc bhainistíochta a fhorbairt eatarthu mar atá sainithe thíos. Chun na críche sin, tiocfaidh an tIonchúiseoir Poiblí Eorpach agus Uachtarán Eurojust le chéile ar bhonn rialta chun saincheistanna ar ábhar leasa choitinn iad a phlé.
2. Próiseálfaidh Eurojust aon iarraidh ar thacaíocht a thiocfaidh ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh gan moill mhíchuí, agus láimhseálfaidh sé na hiarrataí sin, más iomchuí, amhail is dá bhfaighfí ó údarás náisiúnta is inniúil i leith comhair bhreithiúnaigh iad.
3. Nuair is gá, bainfidh Eurojust úsáid as Córais Eurojust um Chomhordú Náisiúnta arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 20, chomh maith leis an gcaidreamh atá curtha ar bhun aige le tríú tíortha, lena n-áirítear a chuid giúistísí idirchaidrimh, chun tacú leis an gcomhar arna bhunú i gcomhréir le mír 1.
4. Beidh malartú faisnéise, lena n-áirítear faisnéis phearsanta, ina chuid den chomhar arna bhunú i gcomhréir le mír 1. Ní úsáidfear aon sonraí a malartaíodh ar an dóigh sin ach chun na gcríoch ar soláthraíodh iad ar a son. Ní cheadófar aon úsáid eile a bhaint as na sonraí ach a mhéad is a bhfuil an úsáid sin laistigh de shainordú an chomhlachta atá ag fáil na sonraí, agus faoi réir réamhúdarú an chomhlachta a sholáthair na sonraí.

5. Chun a aithint an meaitseálann faisnéis atá ar fáil ag Eurojust faisnéis arna próiseáil ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, cuirfidh Eurojust sásra ar bun le haghaidh cros-seiceála uathoibríche sonraí arna n-iontráil ina Chóras Bainistithe Cásanna. Cibé uair a gheofar meaits idir sonraí arna n-iontráil sa Chóras Bainistithe Cásanna ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus sonraí arna n-iontráil ag Eurojust, cuirfear in iúl do Eurojust agus d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, agus don Bhallstát a sholáthair an fhaisnéis do Eurojust, go bhfuil meaits ann. I gcásanna inar sholáthair tríú páirtí an fhaisnéis, ní chuirfidh Eurojust an tríú páirtí sin ar an eolas faoin meaits a fuarthas ach i gcás ina dtoilíonn Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh leis sin.
6. Ainmneoidh Eurojust na baill foirne a bheidh údaraithe rochtain a bheith acu ar thorthaí an tsásra cros-seiceála, agus tabharfaidh sé na hainmneacha sin d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.
7. Tacóidh Eurojust le feidhmiú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh le seirbhísí atá le soláthar ag a fhoireann. Beidh an méid seo a leanas ina chuid den tacaíocht sin ar aon chuma:
- (a) tacaíocht theicniúil maidir leis an mbuiséad bliantúil, an doiciméad clárúcháin ina mbeidh an clárú bliantúil agus an clárú ilbhliantúil agus an plean bainistíochta a ullmhú;
 - (b) tacaíocht theicniúil maidir le foireann a earcú agus gairmréimeanna a bhainistiú;
 - (c) seirbhísí slándála;
 - (d) Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise;
 - (e) bainistíocht airgeadais, seirbhísí cuntasáíochta agus iniúcháireachta;
 - (f) aon seirbhísí eile a bhfuil an leas coiteann ag baint leo.

Leagfar síos sonraí na seirbhísí atá le soláthar i gcomhaontú idir Eurojust agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

8. Féadfaidh an tIonchúisitheoir Poiblí Eorpach tuairimí i scríbhinn a chur faoi bhráid an Choláiste, agus freagróidh an Coláiste i scríbhinn iad gan moill mhíchuí. Déanfar na tuairimí i scríbhinn sin a thiolacadh nuair a ghlacfaidh an Coláiste an buiséad agus an clár oibre bliantúil.]³⁰

Airteagal 42

Caidreamh le comhlachtaí agus le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais

1. Cuirfidh agus coinneoidh Eurojust caidreamh comhair ar bun leis an nGréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach.
2. **Cuideoidh** [...] an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise le hobair comhordúcháin Eurojust maidir le leas airgeadais an Aontais a chosaint, i gcomhréir lena shainordú faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2103 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle.

³⁰ Baineann Airteagal 41 le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus, dá réir sin, ní cuid den chur chuige ginearálta é.

3. Chun críocha faisnéis a fháil agus a thraschur idir Eurojust agus OLAF, agus gan dochar d'Airteagal 8, áiritheoidh na Ballstáit go measfar comhaltaí náisiúnta Eurojust a bheith ina n-údaráis inniúla de chuid na mBallstát, chun críocha **Rialachán (AE, Euratom) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Uimh. 883/2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) [...]**³¹, agus **chun na gcríoch sin amháin.** Beidh an malartú faisnéise idir OLAF agus comhaltaí náisiúnta gan dochar don fhaisnéis nach mór a thabhairt do na húdaráis inniúla eile faoi na Rialacháin sin.

³¹ IO L 136, 31.5.1999, lch. 8.

ROINN III

COMHAR IDIRNÁISIÚNTA

Airteagal 43

Caidreamh le húdaráis tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta

1. [...] **D'fhéadfaí giúistísí idirchaidrimh á gcur ar iasacht chuig Eurojust bheith san áireamh sna socruithe oibre dá dtagraítear in Airteagal 38(2a) [...].**
2. Féadfaidh Eurojust pointí teagmhála a ainmniú, le comhaontú na n-údarás inniúil lena mbaineann, i dtríú tíortha chun an comhar a éascú **ar aon dul le riachtanais oibríochtúla Eurojust.**

Airteagal [...] 43a

Giúistísí idirchaidrimh a phostú go tríú tíortha

1. Chun comhar breithiúnach le tríú tíortha a éascú i gcásanna ina bhfuil Eurojust ag tabhairt cúnaimh i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfaidh an Coláiste breithiúna caidrimh a phostú chuig tríú tír faoi réir socrú oibre dá dtagraítear in Airteagal [...] **38(2a)** leis an tríú tír sin.
- 1(a) **Áireofar ar na cúraimí a bheidh ag giúistísí idirchaidrimh aon ghníomhaíocht atá ceaptha chun gach cineál comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a spreagadh agus a ghéarú, go háirithe trí naisc dhíreacha a bhunú le húdaráis inniúla an Bhallstáit áíochta. Féadfaidh an giúistís idirchaidrimh sonraí pearsanta oibríochtúil a mhalartú le húdaráis inniúla an Stáit lena mbaineann chun a chuid cúraimí a chur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 45.**

2. Ní mór don ghiúistís caidreamh dá dtagraítear i mír 1 taithí a bheith aige ar bheith ag obair le Eurojust agus eolas leordhóthanach ar chomhar breithiúnach agus ar an dóigh a n-oibríonn Eurojust. Beidh postú giúistísí caidrimh thar cheann Eurojust faoi réir réamhthoilithe an ghiúistís agus a Bhallstáit.
3. I gcás ina roghnófar an giúistís caidrimh a phostóidh Eurojust as measc comhaltaí, ionadaithe nó cúntóirí náisiúnta:

ionadóidh an Ballstát é ina fheidhm mar chomhalta, mar ionadaí nó mar chúntóir náisiúnta;

ní bheidh sé i dteideal na cumhachtaí a tugadh dó i gcomhréir le hAirteagal 8 a fheidhmiú a thuilleadh.
4. Gan dochar d'Airteagal 110 de na Rialacháin Foirne, dréachtóidh an Coláiste [...] **téarmaí agus coinníollacha** [...] maidir le giúistís caidrimh a phostú, **lena n-áirítear an leibhéal íocaíochta** agus glacfaidh sé na socruithe cur chun feidhme is gá ina leith sin i gcomhairle leis an gCoimisiún.
5. Beidh gníomhaíochtaí na ngiúistísí caidrimh arna bpostú ag Eurojust [...] faoi réir [...] mhaoirseacht [...] **an** Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Tuairisceoidh na giúistísí caidrimh don Cholaiste, agus cuirfidh an Coláiste Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoina ngníomhaíochtaí go cuí sa tuarascáil bhliantúil. Cuirfidh na giúistísí caidrimh na comhaltaí náisiúnta agus na húdaráis inniúla náisiúnta ar an eolas faoi na cásanna uile a bhaineann lena mBallstát.

6. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát agus giúistísí caidrimh dá dtagraítear i mír 1 teagmháil a dhéanamh le chéile go díreach. Sna cásanna sin, cuirfidh an giúistísí caidrimh an comhalta náisiúnta ar an eolas faoi na teagmhálacha sin.
7. Beidh nasc idir na giúistísí caidrimh dá dtagraítear i mír 1 agus an Córas Bainistithe Cásanna.

Airteagal [...] **43b**

Iarrataí ar chomhar dlíthiúil ó thríú tíortha agus orthu

1. **Féadfaidh** [...] Eurojust, **le comhaontú ó na Ballstáit lena mbaineann**, comhordú a dhéanamh ar fheidhmiú iarrataí ar chomhar dlíthiúil arna n-eisiúint ag tríú tír i gcás [...] inar gá iad a fheidhmiú in dhá Bhallstát ar a laghad **mar chuid den aon imscrúdú amháin**. Féadfaidh údarás inniúil náisiúnta na hiarrataí sin a thraschur chuig Eurojust freisin.
2. I gcás práinne agus i gcomhréir le hAirteagal 19, féadfaidh an Comhordú ar Ghlaodhualgas iarrataí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo arna eisiúint ag tríú tír a thug **comhaontú comhair nó** socrú oibre i gcrích le Eurojust a fháil agus a [...] **tharchur**
3. Gan dochar d'Airteagal 3(4[...]), i gcás ina gcuirtear isteach iarrataí ar chomhar breithiúnach a bhaineann leis an aon imscrúdú amháin agus ar gá iad a fheidhmiú i dtríú tír, **ar iarrataí iad arna ndéanamh ag Ballstát lena mbaineann**, éascóidh Eurojust comhar dlíthiúil leis an tríú tír sin.

ROINN IV

SONRAÍ PEARSANTA A THRASCHUR

Airteagal 44

Sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig comhlachtaí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais

Faoi réir aon srianta is féidir a bheith ann de bhun Airteagal 21(8) agus Airteagal 62 agus faoi réir Airteagal 38(4), féadfaidh Eurojust sonraí pearsanta a aistriú go díreach chuig comhlachtaí de chuid an Aontais a mhéad is gá chun a chuid cúraimí nó cúraimí an chomhlachta nó na gníomhaireachta de chuid an Aontais a fhaigheann na sonraí a dhéanamh.

Airteagal 45

Sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta

4. **Faoi réir aon srianta a shonraítear in Airteagal 62 agus faoi réir Airteagal 38(4),** féadfaidh Eurojust sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tíre nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta [...], oiread agus is gá sin chun a chuid cúraimí a chur i gcrích, [...] ar an mbonn seo a leanas:

(a) cinneadh ón gCoimisiún arna ghlacadh i gcomhréir le [...] **hAirteagal 34 den Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le cosaint daoine aonair agus sonraí pearsanta á bpróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fheidhmiú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin,³² go [...] ndéanfaidh an tríú tír nó críoch, nó earnáil phróiseála laistigh den tríú tír sin, nó an eagraíocht idirnáisiúnta lena mbaineann leibhéal dóthanach cosanta a áirithiú (cinneadh leordhóthanachta); nó**

³² Tá an Dréacht-Treoir mar chuid den phacaíste um chosaint sonraí 5833/12 agus 11624/1/13 REV 1, a bhfuil an dóchúlacht ann go nglacfar é roimh Rialachán Eurojust. Mura mbeidh, déanfar tagairt do na forálacha ábhartha sa Treoir atá ann faoi láthair. (Airteagal 25 agus Airteagal 31 de 95/46/CE) nó tagairt chineálach a dhéanfar do reachtaíocht an Aontais de réir mar is iomchuí.

(b) comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh lena dtugtar cosaintí leordhóthanacha i dtaobh príobháideacht agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine a chosaint; nó

(c) comhaontú comhair arna thabhairt i gcrích idir Eurojust agus an tríú tír sin nó an eagraíocht idirnáisiúnta sin i gcomhréir le hAirteagal 27 de Chinneadh 2002/187/CGB.

Ní theastaíonn tuilleadh údaráithe ó na haistrithe sin. [...] **Féadfar** na socruithe oibre **dá dtagraítear in Airteagal 38(2) a úsáid chun na módúlachtaí a leagan amach** chun na comhaontuithe sin nó na cinntí leordhóthanachta sin a chur chun feidhme.

1(a) Déanfaidh Eurojust liosta de chinntí leordhóthanachta, comhaontuithe, socruithe riaracháin agus ionstraimí eile a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta oibríochtúla, a fhoilsiú agus a choimeád cothrom le dáta i gcomhréir le mír 1.

2. [...] **Faoi réir aon srianta arna sonrú in Airteagal 62 agus faoi réir Airteagal 38(4),** féadfaidh Eurojust, **de bhreis ar mhír 1**, aistriú sonraí pearsanta **oibríochtúla** chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta [...] a údarú de réir an cháis más rud é:

- (a) go bhfuil dearbhghá le haistriú na sonraí chun leas bunúsach an Bhallstáit nó na mBallstát laistigh de raon feidhme **cúraimí** [...] Eurojust a chosaint;
- (b) go bhfuil dearbhghá le haistriú na sonraí chun garchontúirt a bhaineann le coireacht nó le cionta sceimhlitheoireachta a chosc;
- (c) go bhfuil gá leis an aistriú ar chúiseanna eile nó go gceanglaítear go dlíthiúil é a dhéanamh ar fhorais thábhachtacha de chuid an Aontais nó Bhallstáit an Aontais, i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí náisiúnta, nó chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint; nó
- (d) go bhfuil gá leis an aistriú chun leas bunúsach an duine is ábhar do na sonraí nó duine eile a chosaint.

3. **Faoi réir aon srianta arna sonrú in Airteagal 62 agus faoi réir Airteagal 38(4), [...]**
féadfaidh an Coláiste, i gcomhaontú leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, sraith aistrithe a údarú i gcomhréir le pointí (a) go (d) thuas, agus é á chur san áireamh aige go bhfuil cosaintí ann maidir le cosaint príobháideachta agus ceart bunúsach agus saoirsí bunúsacha, le linn tréimhse nach mó ná aon bhliain amháin ar féidir í a athnuachan.
4. Cuirfear an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas faoi chásanna inar cuireadh mír 2 [...] i bhfeidhm.
5. [...]

[...] ³³

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA AIRGEADAIS

Airteagal 48

Buiséad

1. Ullmhófar meastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas iomlán Eurojust do gach bliain airgeadais, a fhreagraíonn don bhliain féilire, agus iontrálfar i mbuiséad Eurojust iad.
2. Beidh buiséad Eurojust comhordaithe i dtéarmaí ioncaim agus caiteachais araon.
3. Gan dochar d'acmhainní eile, beidh ar áireamh in ioncam na hOifige:
 - (a) ranníocaíocht ón Aontas a chuirfear isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh;
 - (b) aon ranníocaíocht dheonach ó na Ballstáit;
 - (c) táillí ar fhoilseacháin agus ar aon seirbhísí eile a sholáthraíonn Eurojust;
 - (d) deontais ad-hoc.
4. Áireofar le caiteachas Eurojust luach saothair na foirne, costais riaracháin, bhonneagair, agus oibriúcháin, **lena n-áirítear cistiú do Chomhfhoirne Imscrúdaithe.**

³³ Rinneadh é a aistriú chuig 43a agus 43b.

Airteagal 49
An buiséad a bhunú

1. Dréachtóidh an Stiúrthóir Riaracháin dréachtráiteas uair sa bhliain ar mheastacháin ar ioncam agus ar chaiteachas Eurojust le chéile don bhliain airgeadais tar éis sin, lena n-áirítear an plean bunaíochta, agus cuirfidh sé chuig an [...] **mBord Feidhmiúcháin. Cuirfear [Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh,³⁴] an Gréasán Breithiúnach Eorpach agus gréasáin eile dá dtagraítear in Airteagal 39, ar an eolas faoi na codanna a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí in am trátha roimh an meastachán a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún.**
2. **Ullmhóidh an [...] Bord Feidhmiúcháin, bunaithe ar an dréacht sin, [...] dréachtmheastachán sealadach ar ioncam agus ar chaiteachas Eurojust don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin a chuirfear faoi bhráid an choláiste clena nglacadh.**
3. Cuirfear an dréachtmheastachán sealadach ar ioncam agus ar chaiteachas Eurojust chuig an gCoimisiún Eorpach tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir gach bliain. Cuirfidh **Eurojust** [...] an leagan críochnaitheach den mheastachán sin, lena n-áireofar dréachtphean bunaíochta, chuig an gCoimisiún faoin 31 Márta.
4. Cuirfidh an Coimisiún an ráiteas ar mheastacháin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (an t-údarás buiséadach) mar aon le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.
5. Ar bhonn an ráitis ar mheastacháin, cuirfidh an Coimisiún i ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh na meastacháin sin a mheasann sé a bheith riachtanach don phlean bunaíochta agus do mhéid na ranníocaíochta a bhainfear as an mbuiséad ginearálta, agus cuirfidh sé faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh é i gcomhréir le hAirteagal 313 agus le hAirteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
6. Údaróidh an t-údarás buiséadach na leithreasuithe **don ranníocaíocht a íocfaidh an tAontas Eorpach le Eurojust**[...]
7. Glacfaidh an t-údarás buiséadach plean bunaíochta Eurojust.

³⁴ Is i lúibíní cearnacha a dhéantar tagairt d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh toisc nach dtagann sé faoi raon feidhme an chur chuige ghinearálta.

Glacfaidh an Coláiste buiséad Eurojust. Beidh sé críochnaitheach tar éis ghlacadh críochnaitheach bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. I gcás inar gá, déanfaidh an **Coláiste**[...] é a choigeartú dá réir.

9. Le haghaidh aon tionscadal tógála ar cosúil go mbeidh impleachtaí móra aige ar bhuiséad **Eurojust, beidh feidhm ag Airteagal 88 de Rialachán (AE) Uimh. 1271/2013.** [...]

10. [...].

[...].

[...].

[...].

11. [...].

Airteagal 50

An buiséad a chur chun feidhme

Beidh an Stiúrthóir Riaracháin ina oifigeach údarúcháin ag Eurojust agus cuirfidh sé buiséad Eurojust chun feidhme ar a fhreagracht féin agus laistigh de na teorainneacha atá údaraithe sa bhuiséad.

Airteagal 51

Na cuntais a thíolacadh agus a urscaoileadh

1. Faoin 1 Márta tar éis gach bliana airgeadais, cuirfidh Oifigeach Cuntasaíochta Eurojust na cuntais shealadacha in iúl d'Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin agus don Chúirt Iniúchóirí.
2. Cuirfidh Eurojust tuarascáil ar an mbainistíocht bhuiséadach agus ar an mbainistíocht airgeadais chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 31 Márta an bhliain tar éis sin.
3. Faoin 31 Márta tar éis gach bliana airgeadais, cuirfidh **Oifigeach Cuntasaíochta** an Choimisiúin cuntais shealadacha Eurojust arna gcomhdhlúthú le cuntais an Choimisiúin chuig an gCúirt Iniúchóirí.
4. I gcomhréir le hAirteagal 148(1) de Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 966/2012, tabharfaidh an Chúirt Iniúchóirí, faoin 1 Meitheamh an bhliain tar éis sin ar a dhéanaí, a tuairimí uaithi ar chuntais shealadach Eurojust.
5. Nuair a gheobhaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairimí na Cúirte Iniúchóirí maidir le cuntais shealadacha Eurojust de bhun Airteagal 148 de Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 966/2012, tarraingeoidh sé suas cuntais chríochnaitheacha Eurojust ar a fhreagracht féin agus cuirfidh sé chuig an [...] **mBord Feidhmiúcháin** iad chun a bharúil sin a fháil orthu.
6. Tabharfaidh an [...] **Bord Feidhmiúcháin** tuairim uaidh ar chuntais chríochnaitheacha Eurojust.
7. Faoin 1 Iúil tar éis gach bliana airgeadais, cuirfidh **Oifigeach Cuntasaíochta Eurojust** [...] na cuntais chríochnaitheacha, mar aon le barúil an [...] **Bhoird Feidhmiúcháin**, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.
8. Foilseofar cuntais chríochnaitheacha Eurojust in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh faoin 15 Samhain an **bhliain** tar éis **na bliana** airgeadais **faoi seach**.

9. Cuirfidh an Stiúrthóir Riaracháin freagra chuig an gCúirt Iniúchóirí maidir lena bharúlacha faoin 30 Meán Fómhair an bhliain tar éis sin ar a dhéanaí. Cuirfidh an Stiúrthóir Riaracháin an freagra sin chuig an [...] **mBord Feidhmiúcháin** agus chuig an gCoimisiún freisin.
10. [...] ³⁵
11. Cuirfidh an Stiúrthóir Riaracháin aon fhaisnéis is gá chun go bhfeidhmeoidh an nós imeachta um urscaoileadh don bhliain airgeadais i gceist go réidh i gcomhréir le hAirteagal 165(3) de Rialachán (CE, EURATOM) Uimh. 966/2012 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa arna iarraidh sin di.
12. Tabharfaidh Parlaimint na hEorpa, ar a mholadh sin don Chomhairle agus í ag gníomhú trí thiomlath cáilithe, urscaoileadh don Stiúrthóir Riaracháin roimh an 15 Bealtaine de bhliain N + 2, i leith chur chun feidhme an bhuiséid do bhliain N.

Airteagal 52

Rialacha Airgeadais

1. Glacfaidh an **Bord Feidhmiúcháin** [...] na rialacha airgeadais is infheidhme i gcomhréir leis an Rialachán [...] tarmligthe [...] **Uimh 1271/2013** ón gCoimisiún an [...] **30 Meán Fómhair 2013** maidir leis an Rialachán Réime Airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal [...] **208 de Rialachán 966/2012** agus [tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún]. Ní imeoidh siad ó [...] Rialachán **Uimh. [...] 1271/2013** mura mbeidh gá sonrach leis an imeacht sin chun go bhfeidhmeoidh Eurojust agus murar thoiligh an Coimisiún leis sin roimh ré.

³⁵ Athraíodh an dara abairt d'Airteagal 51 (10) go 18 (5).

2. Féadfaidh Eurojust deontais a bhaineann le comhlíonadh a chúraimí dá dtagraítear in Airteagal 4(1) a dhámhachtain. Féadfar deontais dá bhforáiltear faoi 4(1)(e) a dhámhachtain gan ghlaio ar thograí ar na Ballstáit.
3. I dtaca le tacaíocht airgeadais do ghníomhaíochtaí na gcomhfhóirne imscrúdaithe, bunóidh Eurojust i gcomhar le Europol na rialacha agus na coinníollacha faoina ndéanfar na hiarratais a phróiseáil.³⁶

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA FOIRNE

Airteagal 53

Forálacha ginearálta

1. Beidh feidhm maidir le foireann Eurojust ag Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh agus ag Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus ag na rialacha arna nglacadh trí chomhaontú idir institiúidí an Aontais Eorpaigh chun éifeacht a thabhairt do na Rialacháin Foirne sin agus do Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.
2. **Ar fhoireann Eurojust beidh foireann a earcófar de réir rialacha agus rialacháin is infheidhme maidir le hoifigigh agus seirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, agus na critéir ábhartha go léir dá dtagraítear in Airteagal 27 de Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach atá leagtha síos faoi Rialachán (CEE, Euratom, ECSC) Uimh 259/68, lena n-áirítear a ndáileadh geografach, á gcur san áireamh. [...]**

³⁶ Ba cheart macasamhail na forála seo a bheith sa Rialachán Europol.

Airteagal 54

Saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus baill foirne eile

1. Féadfaidh Eurojust, de bhreis ar a fhoireann féin, úsáid a bhaint as saineolaithe náisiúnta ar iasacht nó as baill foirne eile nach fostaithe de chuid Eurojust iad.
2. Glacfaidh an Coláiste cinneadh a leagfaidh síos rialacha faoi shaineolaithe náisiúnta a thabhairt ar iasacht chuig **Eurojust**.

CAIBIDIL VIII

MEASTÓIREACHT AGUS TUAIRISCIÚ

Airteagal 55

Institiúidí Eorpacha [...] agus na Parlaimintí náisiúnta a bheith rannpháirteach

1. Tarchuirfidh Eurojust a Thuarascáil Bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa, **chuig an gComhairle agus chuig na Parlaimintí náisiúnta** agus féadfar tuairimí agus conclúidí a léiriú inti.
2. Tiocfaidh Uachtarán an Cholaíste os comhair Pharlaimint na hEorpa **nó na Comhairle**, arna iarraidh sin di, chun ábhair a bhaineann le Eurojust a phlé, agus go háirithe chun Tuarascálacha Bliantúla Eurojust a thíolacadh, agus oibleagáidí discréide agus rúndachta á gcur san áireamh aige. Ní thagrófar go díreach ná go hindíreach do bhearta nithiúla maidir le cásanna oibríochtúla sonracha sa phlé sin.
3. Sa bhreis ar na hoibleagáidí eile maidir le faisnéis agus comhairliúchán atá leagtha amach sa Rialachán seo, tarchuirfidh Eurojust an méid seo a leanas chuig Parlaimint na hEorpa agus **chuig na Parlaimintí náisiúnta sna teangacha oifigiúla faoi seach**, mar fhaisnéis:
 - (a) torthaí staidéar agus tionscadal straitéiseach a mhionsaothraigh nó a choimisiúnaigh Eurojust;
 - (b) socruithe oibre arna dtabhairt i gcrích le tríú páirtithe;

(c) tuarascáil bhliantúil an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

4. [...]

Airteagal 56

Meastóireacht agus athbhreithniú

1. Faoin [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí, agus gach 5 bliana tar éis sin, coimisiúnóidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme agus ar thionchar an Rialacháin seo, mar aon le héifeachtach agus éifeachtúlacht Eurojust agus a chleachtas oibre. [...]. [...] **Beidh an Coláiste páirteach sa mheastóireacht.**
2. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil mheastóireachta mar aon lena chonclúidí ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta, chuig an gComhairle agus chuig an gColáiste. Cuirfear fionnachtana na meastóireachta sin ar fáil don phobal.
3. [...]

CAIBIDIL IX

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 57

Pribhléidí agus Díolúintí

Beidh feidhm maidir le Eurojust agus a bhaill foirne ag an bPrótacal maidir le Pribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 58

Socruithe teanga

1. Beidh feidhm ag Rialachán Uimh. 1³⁷ maidir le Eurojust.

1(a) Déanfaidh an Coláiste cinneadh maidir le socruithe inmheánacha teanga Eurojust trí thromlach dhá thríán dá chomhaltaí.

2. Soláthróidh Ionad Aistriúcháin chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin is gá chun go bhfeidhmeoidh Eurojust, **mura mbeidh réiteach eile riachtanach de thoradh phráinn an ábhair.**

Airteagal 59

Rúndacht

1. Maidir le haon fhaisnéis ar ar tháinig siad le linn dóibh a gcúraimí a chomhlíonadh, beidh oibleagáid rúndachta ar na comhaltaí náisiúnta, ar a n-ionadaithe agus ar a gCúntóirí dá dtagraítear in Airteagal 7, ar fhoireann Eurojust, ar na comhfhreagraithe náisiúnta[...], **ar na saineolaithe náisiúnta ar iasacht,[...] ar an Oifigeach Cosanta Sonraí agus ar fhoireann an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí[...].**
2. Beidh feidhm ag an oibleagáid rúndachta maidir leis na daoine uile agus na comhlachtaí uile a n-iarrfar orthu oibriú le Eurojust.
3. Beidh feidhm ag an oibleagáid rúndachta freisin tar éis do na daoine dá dtagraítear i mír 1 **agus i mír 2** a bpost a fhágáil nó tar éis deireadh a theacht lena ngníomhaíochtaí.

³⁷ IO L 17, 6.10.1958, lch. 385.

4. Beidh feidhm ag an oibleagáid rúndachta ar an bhfaisnéis uile a gheobhaidh Eurojust, murar rud é go bhfuil an fhaisnéis sin curtha ar fáil go poiblí agus [...] **ar mhodh dleathach.**
5. [...]

Airteagal 59a
Coinníollacha rúndachta na n-imeachtaí náisiúnta

1. **Gan dochar d'Airteagal 21(3), i gcás ina bhfaighfear nó ina malartófar faisnéis trí Eurojust, féadfaidh údarás an Bhallstáit a chuir an fhaisnéis ar fáil, de bhun a dhlí náisiúnta, coinníollacha a leagan síos maidir le húsáid na faisnéise sin ag an údarás is faighteoir in imeachtaí náisiúnta.**
2. **Beidh údarás an Bhallstáit a gheobhaidh an fhaisnéis faoi cheangal ag na coinníollacha sin.**

Airteagal 60³⁸
Trédhearcacht

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 maidir le doiciméid a bhaineann le cúraimí riaracháin Eurojust.
2. Faoi cheann sé mhí tar éis dháta a chéad chruinnithe, [...] **ullmhóidh** [...] an **Bord Feidhmiúcháin** na rialacha mionsonraithe maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur i bhfeidhm **chun go nglacfaidh an Coláiste iad.**

³⁸ Forchoimeádas ag SE agus FI. Chuir FI agus SE dearbhú le miontuairiscí doiciméad 17046/14 ón gComhairle.

3. Féadfaidh cinntí a dhéanfaidh Eurojust de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 bheith ina gcúis le gearán chuig an Ombudsman nó ina gcúis le caingean os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 228 agus in Airteagal 263 den Chonradh faoi seach.

Airteagal 61

OLAF agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

4. Chun gur fusa calaois, éilliú agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chomhrac faoi Rialachán (CE) Uimh. [...] **883/2013**, faoi cheann sé mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, aontóidh **Eurojust** [...] don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe inmheánacha a bheith á ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), agus glacfaidh sé na forálacha iomchuí is infheidhme [...] [...] **maidir leis na comhaltaí náisiúnta go léir, lena n-ionadaithe agus lena gCúntóirí, leis na saineolaithe náisiúnta ar iasacht agus le foireann iomlán** Eurojust agus an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú á úsáid aige.
5. Beidh cumhacht iniúchóireachta ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ar bhonn doiciméad agus ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí de chuid an Aontais ó Eurojust.
6. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus imscrúduithe ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (CE) Uimh. **883/2013** agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96³⁹ chun a shocrú an raibh aon mhírialtachtaí ann a rinne difear do leas airgeadais an Aontais i ndáil le caiteachas a mhaoiníonn Eurojust.
7. Gan dochar do mhíreanna 1, 2 ná 3, beidh sna socruithe oibre le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le Interpol, sna conarthaí, sna comhaontuithe deontais agus sna cinntí deontais a dhéanfaidh Eurojust forálacha a thugann an chumhacht go sainráite do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus do OLAF na hiniúchtaí agus na himscrúduithe sin a dhéanamh de réir a n-inniúlachtaí féin.

³⁹ IO L 292, 15.11.1996, lch. 2.

Airteagal 62

Rialacha maidir le faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe agus rúnaicmithe a chosaint

1. Déanfaidh Eurojust rialacha inmheánacha a bhunú maidir le faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe, lena n-áirítear an fhaisnéis sin a chruthú agus a phróiseáil ag [...] Eurojust.
2. Bunóidh Eurojust na rialacha **inmheánacha** maidir le cosaint faisnéis rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh a bheidh ar aon dul le Cinneadh 2013/488/AE chun leibhéal comhionann cosanta a áirithiú don fhaisnéis sin. a[...] ⁴⁰.

Airteagal 63

Imscrúduithe riaracháin

Beidh gníomhaíochtaí riaracháin Eurojust faoi réir imscrúduithe an Ombudsman Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagal 228 den Chonradh.

Airteagal 64

Dliteanas nach dliteanas i leith próiseála neamhúdaraíthe ná próiseála míchirte sonraí é

1. Beidh dliteanas conarthach Eurojust faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh atá i gceist.
2. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásail eadrána a bheidh i gconradh a thugann Eurojust i gcrích.

⁴⁰ IO L 317, 3.12.2001, lch. 1.

3. I gcás dliteanais neamhchonarthaigh, déanfaidh Eurojust, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát agus ar neamhcheist le haon dliteanas faoi Airteagal 37, aon damáiste a shlánú arbh iad Coláiste nó baill foirne Eurojust ba chúis leis agus iad i mbun a ndualgas.
4. Beidh feidhm ag mír 3 freisin maidir le damáiste arbh é locht comhalta náisiúnta, ionadaí nó Cúntóra ba chúis leis agus iad i mbun a ndualgas. Agus é nó í ag gníomhú ar bhonn na gcumhachtaí atá deonaithe dó nó di de bhun Airteagal 8, aisíocfaidh a Bhallstát bunaidh nó a Ballstát bunaidh na suimeanna do Eurojust a d'íoc Eurojust chun an damáiste sin a shlánú.
5. Beidh dlínse ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i ndíospóidí a bhaineann leis an gcúiteamh as damáiste a dtagraítear dó i mír 3.
6. Na cúirteanna náisiúnta de chuid na mBallstát atá inniúil déileáil le díospóidí a bhaineann le dliteanas Eurojust dá dtagraítear san Airteagal seo, cinnfear trí thagairt do Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle⁴¹ iad.
7. Beidh dliteanas pearsanta na mball foirne i leith Eurojust faoi rialú ag na forálacha a leagtar síos sna Rialacháin Foirne nó sna Coinníollacha Fostaíochta is infheidhme maidir leo.

Airteagal 65

Comhaontú maidir le ceanncheathrú agus dálaí oibriúcháin

1. Beidh suíomh Eurojust sa Háig, san Ísiltír.
2. Na socruithe is gá maidir leis an gcóiríocht atá le soláthar do Eurojust san Ísiltír agus na saoráidí atá le cur ar fáil ag an Ísiltír maille leis na rialacha sonracha is infheidhme san Ísiltír ar an Stiúrtóir Riaracháin, ar an gColáiste, ar bhaill foirne Eurojust agus ar bhaill dá dteaghlaigh, leagfar síos i gComhaontú maidir le Ceanncheathrú idir Eurojust agus an Ísiltír iad a thabharfar i gcrích nuair a gheofar formheas an Choláiste.

⁴¹ IO L 12, 16.1.2001, lch. 1. Cuirfear Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 in ionad Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón 10 Eanáir 2015.

3. [...]

Airteagal 66

Socruithe idirthréimhseacha

1. Beidh Eurojust ina chomharba dlíthiúil ginearálta ar gach Conradh a thugann Eurojust i gcrích, ar gach dliteanas is dlite de, agus ar mhaoín a shealbhaíonn sé, mar a bhunaítear le Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle.
2. Comhaltaí náisiúnta Eurojust a thug gach Ballstát ar iasacht faoi Chinneadh 2002/187/CGB, glacfaidh siad ról na gcomhaltaí náisiúnta de Eurojust faoi Chaibidil II den Rialachán seo.
[...]
3. Glacfaidh Uachtarán agus Leas-Uachtarán Eurojust tráth a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ról Uachtaráin agus Leas-Uachtaráin Eurojust faoi Airteagal 11, go dtí go rachaidh a dtréimhse oifige i gcomhréir le Cinneadh 2002/187/CGB in éag. Féadfar iad a atoghadh uair amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo faoi Airteagal 11(3) den Rialachán seo, gan beann ar a n-atoghadh roimhe sin.
4. Glacfaidh an Stiúrthóir Riaracháin a ceapadh go deireanach faoi Airteagal 29 de Chinneadh 2002/187/CGB ról an Stiúrthóra Riaracháin faoi Airteagal 17 go dtí go rachaidh a thréimhse oifige mar a cinneadh faoi Chinneadh 2002/187/CGB í in éag. Féadfaidh tréimhse an Stiúrthóra Riaracháin a shíneadh aon uair amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
5. Ní dhéanfaidh an Rialachán seo difear d'fheidhm dhlíthiúil comhaontuithe a thugann Eurojust i gcrích a bhunaítear le Cinneadh 2002/187/CGB. Go háirithe, leanfaidh gach comhaontú idirnáisiúnta atá tugtha i gcrích ag Eurojust agus atá tagtha i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo de bheith bailí de réir dlí.

6. **Cuirfear an nós imeachta urscaoilte maidir leis na buiséid a fhorhmeastar ar bhonn Airteagal 35 de Chinneadh 2002/187/CGB i ngníomh i gcomhréir leis na rialacha a bhunaítear le hAirteagal 36 de Chinneadh 2002/187/CGB.**
7. **Ní dhéanfar difear leis an Rialachán seo do chonarthaí saothair a tugadh i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 31 roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Glacfaidh an tOifigeach Cosanta Sonraí a ceapadh go deireanach faoi Airteagal 17 de Chinneadh 2002/187/CGB, ról an Oifigh Cosanta Sonraí faoi Airteagal 31.**

Airteagal 67

[...]Cur in ionad

1. [...] Leis seo cuirtear an Rialachán in ionad Chinneadh 2002/187/CGB, Chinneadh 2003/659 CGB agus Chinneadh 2009/426/CGB i gcás na mBallstát a bheidh faoi cheangal an Rialacháin seo le héifeacht ó ... [dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo].
2. **I gcás na mBallstát a bheidh faoi cheangal an Rialacháin seo, déanfar t[...]agairtí do na [...] Cinntí ón gComhairle dá dtagraítear i mír 1 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo.**

Airteagal 68

Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
2. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát i gcomhréir leis na Conarthaí.
3. **Beidh feidhm aige ón XXX⁴².**

⁴² [1 bhliain tar éis don Rialachán teacht i bhfeidhm].

Liosta d'fhoirmeacha coireachta tromchúisí a bhfuil Eurojust inniúil déileáil leo i gcomhréir le hAirteagal 3(1):

- sceimhlitheoireacht,
- coireacht eagraithe,
- gáinneáil ar dhrugaí,
- **gníomhaíochtaí** sciúrtha airgid,
- coireacht a bhaineann le substaintí núicléacha agus radaighníomhacha,
- smuigleáil inimirceach neamhdhleathach,
- gáinneáil ar dhaoine,
- coireacht a bhaineann le mótarfheithiclí,
- dúnmharú, mórdhíobháil choirp,
- trádáil aindleathach in orgáin agus i bhfíochán an duine,
- fuadach, srianadh neamhdhleathach agus tógáil giall,
- ciníochas agus seineafóibe,
- robáil eagraithe **agus tromghoid**,
- gáinneáil aindleathach ar earraí cultúrtha, lena n-áirítear seaniarsmaí agus saothair ealaíne,
- caimiléireacht agus calaois,
- coireacht i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais,
- déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaí airgeadais,

- cambheartaíocht agus sracadh,
- góchumadh agus píoráideacht táirgí,
- brionnú doiciméad riarachán agus gáinneáil orthu,
- brionnú airgid agus modhanna íocaíochta,
- coireacht ríomhaire,
- éilliú,
- gáinneáil aindleathach ar airm, ar armlón agus ar pléascáin,
- gáinneáil aindleathach ar speicis ainmhithe i mbaol,
- gáinneáil aindleathach ar speicis agus ar chineálacha plandaí i mbaol,
- coireacht chomhshaoil, lena n-áirítear truailliú ó longfhoinsí,
- gáinneáil aindleathach substaintí hormónacha agus fástionscnóirí eile,
- mí-úsáid ghnéasach agus **teacht i dtír gnéasach, lena n-áirítear pornagrafaíocht leanaí agus sirtheoireacht leanaí chun críocha gnéasacha,**
- cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh.
- **urghabháil neamhdhleathach aerárthaí/long**

Na catagóirí sonraí pearsanta **oibríochtúla** dá dtagraítear in Airteagal 27

1.
 - (a) sloinne, sloinne roimh phósadh, ainmneacha baiste agus aon ailiasanna nó ainmneacha bréige;
 - (b) dáta agus ionad breithe;
 - (c) náisiúntacht;
 - (d) inscne;
 - (e) áit chónaithe, gairm agus an áit a bhfuil an duine lena mbaineann;
 - (f) uimhreacha slándála sóisialaí nó **uimhreacha oifigiúla eile a úsáidtear sna Ballstáit chun daoine aonair a shainathint**, ceadúnais tiomána, doiciméid aitheantais agus sonraí pas, uimhreacha custaim agus aitheantais chánach;
 - (g) faisnéis maidir le daoine dlítheanacha má áirítear ann faisnéis i ndáil le daoine aonair atá sainaitheanta nó in-sainaitheanta agus atá faoi réir imscrúdaithe bhreithiúnaigh nó ionchúisimh;
 - (h) [...] sonraí [...] cuntas i mbainc nó in institiúidí airgeadais eile;
 - (i) tuairisc agus cineál na gcionta líomhainte, an dáta a rinneadh iad, an catagóir coiriúil lena mbaineann na cionta agus dul chun cinn an imscrúdaithe;
 - (j) na fíorais a léiríonn go bhféadfaí an cás a shíneadh go hidirnáisiúnta;
 - (k) mionsonraí a bhaineann le ballraíocht líomhainte in eagraíocht choiriúil;
 - (l) uimhreacha teileafóin, seoltaí ríomhphoist, sonraí tráchta agus sonraí suímh, chomh maith le [...] **haon** sonraí gaolmhara is gá chun an rannpháirtí nó an t-úsáideoir a shainathint;

- (m) sonraí clárúcháin feithicle;
 - (n) próifílí DNA a suitear ón gcuid neamh-chódaitheach den DNA, grianghraif agus méarloirg.
- 2.
- (a) sloinne, sloinne roimh phósadh, ainmneacha baiste agus aon ailiasanna nó ainmneacha bréige;
 - (b) dáta agus ionad breithe;
 - (c) náisiúntacht;
 - (d) inscne;
 - (e) áit chónaithe, gairm agus an áit a bhfuil an duine lena mbaineann;
 - (f) tuairisc agus cineál na gcionta lena mbaineann, an dáta a rinneadh iad, an catagóir coiriúil lena mbaineann na cionta agus dul chun cinn na n-imscrúduithe.
 - (g) **uimhir shlándála sóisialaí nó uimhreacha oifigiúla eile a úsáideann Ballstáit chun daoine aonair a shainaithint, ceadúnais tiomána, doiciméid aitheantais agus sonraí pas, uimhreacha custaim agus aitheantais cánach;**
 - (h) sonraí na gcuntas i mbainc agus in institiúidí airgeadais eile;
 - (i) **uimhreacha teileafóin, seoltaí ríomhphoist, sonraí tráchtta agus sonraí suímh, chomh maith le haon sonraí gaolmhara is gá chun an rannpháirtí nó an t-úsáideoir a shainaithint;**
 - (j) sonraí clárúcháin feithicle.
-